Waterford City Council

# 2013 Tuarascáil Bhliantúil






## CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA, IOMPAR & ACMHAINNÍ DAONNA


Teachtaireacht ón Méara agus ón mBainisteoir Cathrach ........ 1
Comhairle Cathrach Phort Láirge / GPC / Coistí Polasaí Straitéisigh / Cruinnithe Coiste Ceantair ........ 2
Seirbhísí Corparáideacha ........ 3
Comhchoiste Póilíneachta ........ 4
Bainistiú Maoin Sealbhais ........ 5 / 6
Riarachán Cartlanna Agus Taifead 2012 ........ 7
Saoráil Faisnéise ........ 8
Acmhainní Daonna ........ 9 / 10
Iompar ........ 11


## SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, & PLEANÁIL


Na Bailte Slachtmhara / Tionscnaimh Feasachta ar Chomhshaol ........ 13
Bailiúchán Bruscar Teaghlaigh / Bonneagar Drámhaíola / Forfheidhmiú Reachtaíocht Comhshaoil ........ 15
Tréidliacht & Sábháilteacht Bhia / Seirbhísí Páirce Agus Tírdhreacha ........ 16
Taispeántais Bhláthanna / Gairdín Pobail ........ 17 / 18
Seirbhísí Uisce ........ 19
Pleanáil agus Forbairt Eacnamúil ........ 20 / 21 /22


## CÓRAIS AIRGEADAIS & FAISNÉISE


Airgeadas ........ 24
Mótarcháin / Tástáil Feithicle ........ 25
Córais Faisnéise ........ 26 / 27 / 28


## TITHÍOCHT, SEIRBHÍSÍ POBAIL & FIONTAR


Clár Tithíochta ........ 30
Scéim na Riachtanas Ardtosaíochta / Caighdeáin maidir le Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos ........ 31
Comharsanacht Inbhuanaithe ........ 32
Spórt ........ 33
Pobal & Fiontar ........ 34
Seirbhís Leabharlainne ........ 35 / 36 / 37 / 38 / 39
Ealaíona ........ 40
Winterval ........ 41
Seirbhís Dóiteáin na Cathrach ........ 42 / 43


## AGUISÍN


Aguisín 1, 2, 3 ........ 44 / 45 / 46 / 47 / 48 / 49

# Cúrsaí Corparáideacha, Iompar & Acmhainní Daonna





## TEACHTAIREACHT ÓN MÉARA AGUS Ó BHAINISTEOIR NA CATHRACH

Mar atá scríofa i ráiteas misin Chomhairle Cathrach Phort Láirge tá sé ar intinn aici: “ár ndícheall a dhéanamh ar son gach uile dhuine i bPort Láirge agus sa Réigiún agus gach gné de Phort Láirge a chur chun cinn d’fhonn Lárionad Feabhais a dhéanamh di”

Is cúis ríméide dúinn Tuarascáil Bhliantúil Chathair Phort Láirge don bhliain 2013 a chur i láthair agus chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fail mar a chuir riamh in ainneoin laghdú suntasach ar na hacmhainní a bhí ar fail dúinn ó thaobh maoinithe agus foirne de.

Ní hamháin gur taifead tábhachtach í an Tuarascáil den obair a cuireadh i gcrích ach tá cur síos inti freisin ar na seirbhísí ríthábhachtacha a chuireann an Comhairle Cathrach ar fáil ar bhonn leanúnach.

Rinneadh dul chun cinn substainteach i réimse leathan gníomhaíochta mar atá obair fheabhsúcháin ar bhóithre, tithíocht, bonneagar seirbhísí agus Port Láirge mar Cheann Scríbe Turasóireachta a chur chun cinn, ar a n-áirítear:

- Forbairt leanúnach ar Cheantar Cultúrtha agus Oidhreachta Phort Láirge.
- Na hoibriúcháin atá ar siúl i gcónaí ar Phríomhscéim Draenála Phort Láirge
- Scéimeanna Bainistithe Tráchta a Fheabhsú
- Féile an Fhómhair
- Féile an Gheimhridh “Winterval” i mí na Nollag 23
- An Comhthionól 2013

Admhaímid an cúnamh agus an tacaíocht a fuaireamar ó na Comhaltaí i rith na bliana agus tapaímid an deis seo chun foireann na Comhairle Cathrach a mholadh as a dhícheallaí a d’oibrigh siad. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an Iar-Mhéara agus le Comhaltaí uile na Comhairle as an tacaíocht a thugadar i rith na bliana.

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 ceadaítear do Chomhairle Cathrach Phort Láirge athnuachan cúnaimh a dheonú do mhic léinn chun freastal ar chúrsaí fochéime i bhformhór na n-institiúidí tríú leibhéil in Éirinn agus san AE. agus ar chúrsaí iarchéime laistigh d'Éirinn. Íocaíocht táillí agus íocaíochtaí cothabhála atá i gceist leis na deontais.Íocaíocht táillí agus íocaíochtaí cothabhála atá i gceist leis na deontais. Fuair 118 mac léinn deontais ar luach €692,914 faoin Scéim um Dheontais Ardoideachais in 2013.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Is í Comhairle Cathrach Phort Láirge an t-údarás reachtúil atá freagrach as Clár na dToghthóirí a thairgeadh. Foilsíodh Clár na dToghthóirí 2013/2014 an 1 Feabhra 2012 agus tháinig sé in éifeacht an 15 Feabhra 2013.

## EAMHNÚ BAILE

Tháinig toscaireacht ó Saint Herblain ar cuairt chuig Phort Láirge le haghaidh Lá Fhéile Pádraig.

## CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA

Rinne comhaltaí na Comhairle Cathrach ionadaíocht ar son na Comhairle ag Seimineáir agus ag Comhdhálacha laistigh agus lasmuigh den Stát i rith na bliana 2013. Féach Aguisín 3.

## SCÉIM NA MBÉILÍ SCOILE

Feidhmíonn an Chomhairle Cathrach Scéim na mBéilí Scoile go leanúnach agus íocann deontas in airgid tirim chuig costais bhéilí a sholáthraítear do pháistí ar an ngannchuid atá ag freastal ar scoileanna náisiúnta i gCathair Phort Láirge. Feidhmítear an scéim ó 1 Eanáir go dtí 31 Márta agus ó 1 Deireadh Fómhair go dtí 31 Nollaig gach bliain.

## TINREAMH SCOILE

Bhronn an Méara teistiméireachtaí tinreamh scoile ar pháistí nár chaill lá scoile i gcaitheamh na scoilbhliana 2012/2013. Bronnadh an gradam le haghaidh an tinrimh is fearr sa tréimhse sin ar Scoil Náisiúnta Naomh Eoin le Dia.

## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Thionól Comhchoiste Póilíneachta Chathair Phort Láirge trí cinn de chruinnithe i 2013.

## COMHALTAS

| AINM AN CHOMHALTA | EAGRAÍOCHT |
|---|---|
| Mary Roche (Cathaoirleach) | Comhairle Cathrach |
| John Hearne | Comhairle Cathrach |
| Dick Roche | Comhairle Cathrach |
| John Cummins | Comhairle Cathrach |
| Jim D'Arcy | Comhairle Cathrach |
| Adam Wyse | Comhairle Cathrach |
| Cha O'Neill | Comhairle Cathrach |
| Hilary Quinlan | Comhairle Cathrach |
| Sean Reinhardt | Comhairle Cathrach |
| Seamus Ryan | Comhairle Cathrach |
| Davy Walsh | Comhairle Cathrach |
| Jack Walsh | Comhairle Cathrach |
| Michael Walsh | Comhairle Cathrach |
| Lar Power | Comhairle Cathrach |
| Pat Murphy | An Garda Síochána |
| Chris Delaney | An Garda Síochána |
| Ciara Conway | Comhalta an Oireachtais |
| John Halligan | Comhalta an Oireachtais |
| Paudie Coffey | Comhalta an Oireachtais |
| Maurice Cummins | Comhalta an Oireachtais |
| David Cullinane | Comhalta an Oireachtais |
| Breda Halligan | Ionadaí Pobail |
| Tom Phelan | Ionadaí Pobail |
| Senthil Ramasamy | Ionadaí Pobail |

## ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

Is é an cumascadh arna bheartú idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge agus an ceanglas atá ann beartais agus nósanna imeachta a ailíniú i réimsí párolla agus acmhainní daonna a bhfuil an roinn seo ag díriú orthu go príomha. A bhuí le dúthracht agus le tiomantas na bhfoirne sa dá údarás tá an dul chun ag teacht lena raibh súil leis agus táthar ag seasamh leis an spriocdáta

BUNCHÓRAS ACMHAINNÍ DAONNA

Mar chuid den chumascadh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge déanfar aon bhunachar sonraí amháin de na bunchóras acmhainní daonna atá i bhfeidhm sa dá údarás. Tá foireann tionscadail ina bhfuil foirne ón gComhairle Cathrach agus ón gComhairle Contae ag obair i gcomhar lena chéile d'fhonn sonraí uile na Comhairle Cathrach a aistriú go dtí bunachar sonraí na Comhairle Contae. Déanfar an obair sin i gcéimeanna as seo go ceann ocht mí déag agus beidh sí i gcrích roimh an spriocdáta ag deireadh mhí na Bealtaine 2014.

TÁSCAIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN MAIDIR LE HEARCAÍOCHT 2013

| | |
|---|---|
| Comórtais Agallaimh a fógraíodh | 24 |
| Líon na n-iarratas a fuarthas | 463 |

TÁSCAIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN MAIDIR LE FORBAIRT AGUS OILIÚINT 2013

| | |
|---|---|
| Líon na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil | 500 |
| Líon na gcúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil | 75 |
| An líon daoine a fuair tacaíocht chun leanúint d'oideachas breise | 2 |

DEA-BHAIL FOSTAITHE

Chuir an Chomhairle Cathrach réimse leathan de sheirbhísí maidir le dea-bhail na bhfostaithe ar fail ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2013 ar a n-áirítear Clár VHI um Chúnamh d'Fhostaithe, seirbhís chuimsitheach i leith Ionaclaithe. Tástálacha Súile agus Scagthástáil Sláinte.

CLÁR UM GHNÓTHACHTÁIL SHÓISEARACH

Chuir Comhairle Cathrach Phort Láirge an tionscnamh oideachasúil sin chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an gClár um Ghnóthachtáil Shóisearach in 2012/13. Bhí beirt fhostaithe toilteanach obair dheonach a dhéanamh ar feadh tréimhse 6 seachtaine chun an clár a mhúineadh:-

1. Jemma Jacob – Bunscoil na Toirbhirte
2. Mary Quigley –BNS Naomh Stiofáin

Ba mhaith linn tiomantas na bhfostaithe don chlár treallúsach sin a mholadh .

## PRÍOMHOIFIGIGH

Michael Walsh - BAINISTEOIR NA CATHRACH

STIÚÍRTHÓIRÍ SEIRBHÍSÍ (SSANNA)

Fergus Galvin - CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA & IOMPAR
Joe Sullivan (SS Feidhmeannach) - TITHÍOCHT, SEIRBHÍSÍ POBAIL & FIONTAR
Richie Walsh (SS Feidhmeannach) -SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, & PLEANÁIL
John Murphy - CEANN na ROINNE AIRGEADAIS
Lar Power - FORBAIRT EACNAMÚIL

*PRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMEANNACHA SHINSEARACHA (PFSANNA)*
*NIALL KANE* - (PFS Feidhmeannach) TITHÍOCHT
*EDDIE RUANE* - ACMHAINNÍ DAONNA
*PAUL KELLY* - (PFS Feidhmeannach) - SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL
*BILLY DUGGAN* - CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA & IOMPAR
*JANE CANTWELL* - LEABHARLANNAÍ na CATHRACH
*EAMONN MCENEANEY* - SEODA PHORT LÁIRGE
*ANTHONY MCELROY* - CEANN CÓRAS FAINÉISE
*BRYAN O KANE* - CUNTASÓIR RIARACHÁN AIRGEADAIS

*INNEALTÓIRÍ SINSEARACHA*

Ray Mannix - IOMPAR
Niall Curtin - PHRÍOMHOIFIGEACH DÓITEÁIN

*AILTIRE SINSEARACH*
Rupert Maddock

PLEANÁIL ar AGHAIDH – Bainisteoir Tionscadail
Ian Fitzpatrick - TITHÍOCHT

*DAOINE NUA ISTEACH 2013*
Robert Bible – Fear Dóiteáin Coimeádta
Darren Tuohy – Fear Dóiteáin Coimeádta
Gemma Fitzgearld - Maoirseoir CES
Sean Hayes - Maoirseoir Cúnta CES

*FOSTAITHE A D'ÉIRIGH AS OBAIR IN 2013*
John Walsh - Bainisteoir RSC
David Kenneally - Meicneoir
Michael Lonergan –Maor Madra
Tony Burns – Oibrí Ginearálta

# ROINN um BAINISTIÚ MAOIN SEALBHAIS

Is í an Roinn Bainistithe Maoin Sealbhais a riarann talamh agus maoin sealbhais (seachas tithe údaráis áitiúil) atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Phort Láirge. Oibríonn an Roinn sin i gcomhar le stiúrthóireachtaí éagsúla de chuid na Comhairle chun an úsáid is fearr a bhaint as Banc talún na Comhairle agus faigheann cearta na maoine agus na talún atá de dhíth le haghaidh tionscadail bhonneagair éagsúla na Comhairle.

Ar thionscadail a bhí faoi stiúir ag na Roinne Bainistithe Maoin Sealbhais in 2013 áirítear:

AN TRIANTÁN LOCHLANNACH

Éadáil, diúscairt agus bainistiú maoin sealbhais thar ceann Cheantar Cultúrtha agus Oidhreachta Phort Láirge .

Tugadh chun críche éadáil portfóilió maoin sealbhais, laistigh den Triantán Lochlannach ó iontaobhaithe Ospidéal an Spioraid Naofa i mí Dheireadh an Fhómhair 2012.Tugann an Roinn Bainistithe Maoin Sealbhais tacaíocht ar bhonn leanúnach d'obair Viking Trust Teo. Phort Láirge maidir le bainistiú na héadála sin.

BONNEAGAR /FORBAIRT EACNAMÚIL

- Timpeallán 2 den Eastát Tionsclaíoch ó Thuaidh – fuarthas talamh le haghaidh an tionscadail sin a thabharfar chun críche go luath in 2014.
- OCÉ Céibh Meaghair – fuarthas talamh trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) le haghaidh obair thógála ar thimpeallán agus ar athailíniú pointe rochtana chuig Carrchlóis Chalafort Phort Láirge agus Keverflow ag Céibh Meaghair.
- Ullmhúchán na n-orduithe dílseacháin deireanacha maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh i leith an Chuarbhóthair Amuigh, i leith Bhóthar Bhaile Liam agus i leith Sheanbhóthar Chill Mhíodáin.

POBAL/ DEONACH /EALAÍONA

- Dul sa tóir ar mhaoin sealbhais agus an mhaoin sin a ligean amach ar léas do Chumann Croise Deirge na hÉireann, do Choiste Eamhnaithe Baile Phort Láirge, do Chumann Cuardach agus Tarrthála Mara Phort Láirge agus do ghrúpaí éagsúla maidir leis na healaíona (faoi choimirce Oifig Ealaíon Chathair Phort Láirge)

SEIRBHÍSÍ UISCE

- Scéim Faoiseamh ó Thuilte: tacaíocht a thabhairt don tionscadal seo trí idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le cearta maoine de réir mar a theastaíonn.
- Uisce na hÉireann – sonraí maidir le bonneagar seirbhísí uisce a chur ar fáil d'fhonn é a aistriú go dtí Uisce na hÉireann.
- Phríomhscéim Draenála éadáil chead slí maidir le Phríomhscéim Draenála Chathair Phort Láirge a thabhairt chun críche.

TITHÍOCHT

- Éadáil portfóilió maoin sealbhais (cuid acu faoi OCÉ ) maidir le forbraíocht tithíochta ag Cearnóg na hEaglaise/Áirse an Chathaoirligh.
- Diúscairt Títhe a athshealbhaíodh (loiceadh maidir le morgáiste) .
- Éadáil líon beag títhe le haghaidh stoc tithíochta.
- Díol Ruílse ar mhaoin sealbhais de réir mar a tháinig siad chun cinn.
- Éadáil títhe éagsúla faoi Chuid V den Acht Um Pleanáil Agus Forbairt 2000 .
- Cuireadh tús le Céim 1 den tionscadal maidir le talamh a fheabhsú / Capaill a bhainistiú ag an mBaile Beag Port Láirge.

DIGITIÚ- UCM (Údarás um Chlárúcháin Maoine)

- Comhoibríodh i gcomhar leis an Údarás um Chlárúcháin Maoine ar bhonn leanúnach d'fhonn taifid ar mhaoin a dhigitiú don Chomhairle Cathrach. Rinneadh imscrúdú ar thoradh chónascadh Chathair agus Chontae Phort Láirge arna bheartú ar na taifid maidir le banc talún agus le maoin atá á gcoimeád ag an dá údarás faoi leith agus ar an gcaoi a gcuirfí faisnéis i láthair, agus córas cuí bainistithe a chruthú maidir leis an gcéanna.



## SAORÁIL FAISNÉISE

Fuarthas na hiarratais a leanas faoin dlí um Shaoráil Faisnéise i 2013:-

| Cás B/F 2012 | Pearsanta | Neamh-phearsanta | Ceadaithe | Ceadaithe go Páirteach | Diúltaithe | Iarratais idir Lámha ag Deireadh na Bliana | Tarraingíodh siar nó déileáladh leis taobh amuigh de SF |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | 8 | 4 | 7 | 2 | 1 | 0 | 4 |

## CARTLANNA AGUS BAINISTIÚ TAIFID

Taifid a bhaineann le Cathair Phort Láirge a chaomhnú agus a chosaint agus fáil orthu a éascú

### 1. CARTLANNA:

#### Líon an Luchta Thaighde:

Thug 117 dtaighdeoir 135 chuairt ar an Seomra Léitheoireachta i rith na bliana. Ba iadsan ar spéis leo stair mhuintire/an ginealas (49%) an grúpa taighde ba mhó a tháinig, agus ba iad na fochéimí an dara grúpa taighde ba mhó (12%). Tháinig 40% de na taighdeoirí ó Chathair Phort Láirge agus tháinig 25% ó thar lear.

#### Fiosruithe Taighde:

I rith na bliana 2013 d'fhreagair Cartlannaí na Cathrach agus an fhoireann níos mó ná 190 ceist shubstainteach. Ba an-chosúil sin leis an méid sna blianta roimhe seo. Le ríomhphost a tháinig agus a freagraíodh an chuid is mó (níos mó ná 90%) de na fiosruithe.

#### Taispeántais:

Eagraíodh agus gléasadh 2 thaispeántas in 2013 ina raibh ábhar ó Thaispeántas Annie Brophy .

- "Welcome to the 60s!": Reáchtáladh taispeántas ina raibh roghnúchán de ghriangraif de chuid Annie Brophy i Seomra an Ghairdín, Iarsmalann na Meánaoise ón Aoine, 16 Lúnasa go dtí an Domhanch, 29 Meán an Fhómhair. Roghnaigh Tuairisceoir Ealaíon News & Star Phort Láirge an taispeántas sin mar an taispeántas is fearr, dar leis, sa bhliain 2013.
- "An Annie Brophy Selection Box" : Gianghraif éagsúla de ghrúpaí agus de dhaoine sa tsráid de chuid Annie Brophy a taispeánadh i nGailearaí na Cathrach, Gaillimh, i gcaitheamh na féile Winterval.

#### Teacht i Seilbh:

Sealbhaíonn Cartlann Chathair Phort Láirge ábhar cartlainne a bhaineann leis an gcathair agus leis an gceantar máguaird ar bhonn leanúnach. Thángthas i seilbh na mbailiúchán tábhachtach a leanas in 2013.

- Taifid bhrainse Phort Láirge de CHEARDCHUMANN IOMPAIR AGUS ILSAOTHAIR NA HÉIREANN (arna dtaisceadh ag SIPTU)
- AN BAILIÚCHÁN BÁN: bailiúchán suntasach a bhaineann le teaghlach Quaker mór-le-rá ó Phort Láirge san Ochtú agus sa Naoú haois déag (arna cheannach ag ceant).
- Taifid maidir le GRÚDLANN STRANGMAN/CHERRY, Sráid Mhuire, Port Láirge, 1880anna-1960anna Arna dtaisceadh ag Diageo Ltd.).
- 4 dhoiciméad dhlíthiúla a bhaineann le haistriú úinéireacht ar fhorba i Ráth Mhaoláin, Co. Phort Láirge go luath sa naoú haois déag (deontas príobháideach).

#### Cainteanna agus Láithreoireachtaí:

5 cinn de chainteanna ar ábhair éagsúla a tugadh i rith na bliana do ghrúpaí pobail, do ghrúpaí daoine ar scor agus do ghrúpaí scoile i gcathair Phort Láirge agus i gceantair chóngaracha atá buailte uirthi. Don chéad uair riamh rinne Cartlannaí na Cathrach láithreoireachtaí mar chuid den Oíche Chultúir.

#### Gníomhaíochtaí Eile:

- Rinneadh obair leanúnach ar thrascríbh Leabhar Miontuairiscí Bhardas Phort Láirge 1700-1760 le súil is go bhfoilseodh Coimisiún Lámhscríbhínní na hÉireann iad.
- Bhí na Cartlanna faoi thrácht i gclár faisnéise ar an TV faoin dteideal 'Great Irish Journeys' a chuir RTÉ amach ar an aer ar an Domhnach, 7 mí Iúil.
- Ba iad Cartlanna na Cathrach a chomhordaigh suiteáil Phlaice Goirme d'fhonn cuairt Frederick Douglass, cealaitheoir agus gníomhaí Meiriceánach ar son chearta an duine, ar Phort Láirge in 1845. Ba chomhfhiontar an tionscadal idir iad agus Iontaobhas Cathartha Phort Láirge. Nocht An Comhairleoir John Cummins, Méara Phort Láirge an phlaic ar éadan Halla na Cathrach ar an Máirt, 7 Deireadh Fómhair i láthair ionadaithe ó Chathair Dheirfiúir Phort Láirge, Rochester NY.
- Leanadh i 2013 den obair taifid ardúsáide atá i seilbh Chartlann na Cathrach a chur isteach i mbunachar sonraí.

### 2. BAINISTIÚ TAIFEAD:

- Aistríodh thart ar 100 bosca taifead, idir thaifid gan fheidhm reatha iomlán agus thaifid gan fheidhm reatha ar bith ó ar fud na Comhairle Cathrach, go dtí an áis in 2013.
- Tá caighdeánú á dhéanamh go leanúnach ar ábhair Ionad nua na dTaifead agus ar uasghrádú na liostaí bosca atá ann.
- Tá an tIonad Taifead atá ann faoi láthair gar do bheith lán.

#### Aisghabháil Chomhad:

Rinneadh 335 cinn d'Aisghabháil Chomhaid san Ionad Taifead i rith na bliana 2013. Faoi láthair is é 99% an ráta aisghabháil maidir leis na comhaid a iarrtar.

Tá beirt atá rannpháirteach i Scéim Fostaíochta Pobail Thionscadal Seirbhísí Chomhairle Cathrach Phort Láirge ag tabhairt cúnaimh do Chartlannaí an Cathrach maidir lena chuid dualgas.

## An Ghaeilge

Tá Comhairle Cathrach Phort Láirge tiomanta seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus fáil orthu a dhéanamh níos éasca .

“Tá Comhairle Cathrach Phort Láirge tiomanta cur chun cinn agus infhaighteacht níos fearr a thabhairt do sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge.”

Tá comharthaí Gaeilge á gcur ar fáil go leanúnach sa réimse poiblí; cuireadh comharthaí dátheangacha ar fáil ag an Ionad Stairiúil, an Triantán Lochlannach agus i bPáirc Wyse, agus sna príomhionaid a bhaineann leis an mbonneagar  iompair ar fud na Cathrach. Leanadh den obair aistriúcháin ar na foirmeacha iarratais agus faisnéise lena mbaineann. Rinneadh an teanga a chur chun cinn i rith Sheachtain na Gaeilge 2013; ar an himeachtaí áirítear Siúlóidí Stairiúla mórthimpeall an Triantáin Lochlannaigh a ndearnadh an treorú go dátheangach, Ranganna Gaeilge, rannpháirteachas i gCiorcal Comhrá Gaeilge agus Comhfhiontar a rinneadh i gcomhar le ITPL (Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge). D’eagraigh Seirbhís na Leabharlainne ranganna Gaeilge in 2013; d’éirigh go hiontach leo agus bhí freastal maith ar an gcúrsa.

Eagraíodh roinnt imeachtaí as Gaeilge i rith Sheachtain na hOidhreachta 2013 agus tá sé i gceist go leanfar leis na himeachtaí sin in 2014. Is i gcomhréir le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a ullmhaíodh an chéad scéim teanga de chuid Chomhairle Cathrach Phort Láirge, 2007 go 2011, agus rinne an Coimisinéir Teanga, ombudsman na Gaeilge a mhaoirsíonn, inter alia, cur chun feidhme fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla agus chearta lucht labhartha na Gaeilge athbhreithniú ar a fheabhas nó a mhalairt a d’éirigh léi in 2011 agus in 2012. .
Táimid ag súil le moladh deireanach in 2014.

Foireann ó Chomhairle Cathrach Phort Láirge a d’fhreastail ar an rang Gaeilge in 2013 in éindí leis an teagascóir Frank Madigan



# Iompar

## Iompar Inbhuanaithe

Chuathas ar aghaidh leis an obair ar an mBealach Glas R680 ó Shráid Colbeck go dtí Droichead Rice agus cuireadh críoc le hobair thógála ar chéim 1c in 2013. Tá dearadh na céime deireanaí 1d críochnaithe agus cuirfear tús leis an obair in 2014.

Tá cosáin choisithe áisiúla ar ardchaighdeán á gcur ar fáil sa Meal agus ar feadh na Cé. Mar chuid den Bhealach Glas cuirfear dhá thimpeallán, lánaí bus agus lánaí rothair ar fáil ar feadh na Cé .



## Seanbhóthar Chill Mhíodáin

Tógadh timpeallán ar an mbealach isteach chuig Eastát Tionsclaíoch Phort Láirge agus ar an mbealach isteach chuig Páirc Gnó Thigh an Chnoic agus rinneadh uasghrádú ar chuid den bhóthar atá buailte leis.

## Oibriúcháin um Fheabhsúchán Sábháilteachta ar Bheag Costas

Suiteáladh Trasrian Coisithe ar Bhóthar an Dúin Mhóir idir Ionad Siopadóireachta Ard Caoin agus Coláiste na hOllscoile Phort Láirge. Suiteáladh áis suaimhnithe tráchta ag na soilsithe coisithe ag an mBaois agus rinneadh uasghrádú ar na soilse tráchta ag Acomhal Bhóthar Bhaile Throcail. Suiteáladh áis suaimhnithe tráchta freisin ag Acomhal Sráid San Tomás/ Sráid Anne ar mhaithe le sábháilteacht na gcoisithe .

## Bealach Rothaíochta Bhóthar na Trá Móire

RInneadh uasghrádú ar Shiúlóid cois Abhann Bhóthar na Trá Móire d'fhonn aon bhealach coisithe /rothaíochta amháin a dhéanamh di.



## Obair Chothabhála ar Bhóithre

Lean Comhairle Cathrach Phort Láirge leis an gclár athdhromchlaithe bóthair i rith na bliana. Cuireadh dromchla nua ar chodanna de Lána Meeting House/ Lána Sergeant, de Scabhat Spring Garden, d'Acomhal Shráid na Beairice/ Chnoic Bunker agus de Bhóthar an Dúin Mhóir.

# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL & PLEANÁLÁ

## PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMÚIL

Is éard a dhéanann an Roinn Pleanála forbairt a chur chun cinn agus a bhainistiú d'fhonn comhshaol ar ardchaighdeán ina mbeadh daoine in ann maireachtáil, obair, infheistiú agus sult a bhaint as an am fóillíochta a bhíonn acu a bhuanú. Cuimsíonn obair na Roinne polasaithe pleanála don chathair a chur chun cinn, forbairt rialta a éascú agus a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas bainistithe forbartha agus an comhlíontas a chinntiú trí na rialacháin phleanála a fhorfheidhmiú.

## PLEANÁIL ar AGHAIDH

### Plean Forbartha Chathair Phort Láirge

Tá an Plean Forbartha i gcroílár an chórais phleanála agus is é a chuireann an creat straitéiseach agus an comhthéacs polasaí ar fáil trína ndéantar cinntí pleanála. Is feidhm é atá áirithe do chomhaltaí thofa na Comhairle, Plean Forbartha a dhéanamh.

Ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach Phort Láirge Plean Forbartha Phort Láirge 2013 – 2019 an 11 Feabhra 2013. Tháinig an Plean Forbartha in éifeacht an 11 Márta 2013.

### Caomhnú na hOidhreachta Foirgníochta

Tá 922 struchtúr i dtaifead Struchtúir Chosanta Chomhairle Cathrach Phort Láirge. Faoi théarmaí Chiste na Struchtúr i mBaol 2013, chuir an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta €7,000 ar fáil do 123a Cé na Paráide chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar fhuinneoga, ar an díon agus ar an bplástar inmheánach.

## BAINISTIÚ FORBARTHA

Ní cosaint forbartha amháin atá i gceist leis an bpróiseas bainistithe forbartha ach iarracht pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn .
Is mar seo a leanas na cinntí a rinneadh in 2013:

| Catagóir | Líon na nIarratas | An Céatadán a Ceadaíodh | An Céatadán a Diúltaíodh |
|---|---|---|---|
| Teach Aonair | 1 | - | 100% |
| Forbairt Tithíochta | 1 | 100% | - |
| Eile: (níor theastaigh EIA) | 93 | 95% | 5% |
| Eile: (theastaigh EIA): | 5 | 80% | 20% |

### Achomhairc Phleanála

Rinne an Bord Pleanála cinntí maidir le 4 iarratas.
Seasadh le 3 chinneadh den údarás pleanála agus freaschuireadh cinneadh amháin

### Forbairt a Rinne an Chomhairle

Baineadh úsáid dhá uair as nós imeachta Cuid 8 faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) in 2013 .
Baineann an nós imeachta sin le forbairtí atá molta bheith déanta ag Comhairle Cathrach Phort Láirge agus áirítear orthu próiseas pleanála maidir le hobair tógála ar chosán coisithe/lána rothaíochta comhroinnte ar Bhóthar na Trá Móire agus Suiteálacha Ealíonta réime poiblí sa Triantán Lochlannach. Cuimsíonn oibreacháin an Triantáin Lochlannaigh Cuimhneachán John Condon, Dealbhóireacht Aoife agus Strongbow agus comharthaí ealaíonta mórthimpeall an Triantáin Lochlannaigh.

### Forfheidhmiú Rialacha Pleanála

Bhíothas gníomhach sa bhliain 2013 ag fiosrú oibriúcháin a rabhthas ag tabhairt fúthu gan chead pleanála nó oibriúcháin a bhí á ndéanamh de shárú ar an gcead pleanála a deonaíodh: Cásanna a fiosraíodh:

Cásanna a fiosraíodh: ........................................ 44
Litreacha Rabhaidh a Eisíodh: ........................... 10
Fógraí Forfheidhmithe a Seirbheáladh: .............. 19
Líon na nIonchúiseamh:....................................... 3

I bhformhór na gcásanna ba é an toradh a bhí ar sheirbheáil Litreacha/Fógraí go ndearnadh iarratais phleanála d'fhonn na forbairtí a choinneáil ar siúl nó gur comhlíonadh téarmaí an Fhógra.

### Ceadúnais d'Imeachtaí Faoin Spéir

Faoin Acht Pleanála teastaíonn ceadúnas má táthar ag reáchtáil imeachtaí faoin spéir ar an mórchóir. Phróiseáil Comhairle Cathrach Phort Láirge 4 cinn de iarratais ar cheadúnais imeachta ar a n-áirítear ceadúnais le haghaidh Paráid Sráide lá Fhéile Pádraig, le haghaidh na Féile Spraoi agus le haghaidh Imeacht an Vadrefjord.

### Scéim Ranníocaíochta Forbartha

I mBealtaine 2002 ghlac Comhairle Cathrach Phort Láirge Scéim Ranníocaíochta Forbartha ar scór Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Le linn don Údarás Pleanála cead phleanála a dheonú féadfaidh an tÚdarás coinníoll a cheangail leis go gcaithfear ranníocaíocht a íoc faoin scéim i ndáil le bonneagar agus le saoráidí poiblí a rachaidh chun leasa forbraíochta sa chathair. Tá forbairt na cathrach ag brath ar sholáthar seirbhísí riachtanacha bonneagair agus is foinse thábhachtach airgeadais le haghaidh infheistíochta sa seirbhísí sin an t-airgead a bhailítear ó Ranníocaíochtaí Forbartha. Fuarthas €649,537 i dtaca le Ranníocaíochtaí Forbartha in 2013.

### Láithreáin Thréigthe

Bhí Comhairle Cathrach Phort Láirge réamhghníomhach maidir le daoine a spreagadh chun láithreáin thréigthe a ghlanadh trí úsáid a bhaint as na bearta éagsúla atá ar fáil di faoin Acht um Láithreáin Dhearóla agus as an bpróiseas pleanála agus forbartha. In 2013 rinneadh feabhsúchán suntasach ar roinnt maoine sealbhais sa chathair agus is tríothu a chuirtear feabhas ar chuma na Cathrach tríd is tríd. Rinne roinnt áitreabh eile obair fheabhsúcháin ar a maoine sealbhais trí obair dheisiúchán a dhéanamh.

### Struchtúir Chontúirteacha agus Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Tá sé de chumhacht ag Comhairle Cathrach Phort Láirge faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 caingean chúirte a thionscnamh maidir le Struchtúir agus le hIonaid Chontúirteacha. In 2013 d'eisigh an Chomhairle Cathrach roinnt fógraí maidir le Struchtúir Chontúirteacha ag éileamh ar na húinéirí oibriúcháin a dhéanamh ar na struchtúir/suímh le nach mbeadh siad contúirteach. Is mó is suntasach le roinnt bliana anuas na hEastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe. Cé nach bhfuil Cathair Phort Láirge buailte chomh dona céanna agus atá roinnt limistéir údarás aitiúil eile tá roinnt eastáit ann atá aicmithe mar eastáit a dteastaíonn go ndéanfaidh an Chomhairle Cathrach obair fheabhsúcháin orthu. Bhí

agus beidh an Chomhairle Cathrach ag obair i gcomhar le forbróirí, le cónaitheoirí agus le hinstitiúidí airgeadais agus le NAMA chun Pleananna Réiteach Suímh a bheadh comhaontaithe agus inglactha a chur i dtoll a chéile.

### Pleanáil Suíomh Idirlín

Tá roinnt faisnéise úsáideach ar fáil ar an suíomh lena n-áirítear 'A Guide to Making a Planning Application'. 'A Guide to Protected Structures', Plean Forbartha na Cathrach agus doiciméid phleanála straitéiseacha eile. Tá mioneolas ar iarratais agus ar chinntí phleanála ar fáil freisin. Tá teacht ar an suíomh ag www.waterfordcity.ie

## SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

### NA BAILTE SLACHTMHARA

Don seachtú bliain i ndiaidh a chéile, d'éirigh le Cathair Phort Láirge marc níb airde a ghnóthú ná mar a fuair sí cheana, i gcomórtas na mBailte Slachtmhara le 290 pointe agus bonn airgid bronnta uirthi. I suirbhéanna na nGnólachtaí Éireannacha in aghaidh Bruscair (IBAL), tugadh an cúigiú háit do Phort Láirge i gcomórtas le 42 baile agus cathair eile a bhí san áireamh sna suirbhéanna. Is fianaise é an feabhas a baineadh amach i gcomórtais na mBailte Slachtmhara agus IBAL ar an tosaíocht atá tugtha agus na hacmhainní atá infheistithe i gcur i láthair na Cathrach.

### TIONSCNAIMH FEASACHTA AR CHOMHSHAOL

Cuireadh na tionscnaimh chomhshaoil seo a leanas chun tosaigh i rith na bliana:

- BEART BRUSCAIR :Thug Comhairle Cathrach Phort Láirge tacaíocht i rith na bliana do ghlantacháin phobail trí ábhair ghlantacháin a sholáthar agus an bruscar a bhailiú ina ndiaidh. Thug Comhairle Cathrach Phort Láirge tacaíocht ghníomhach don Ghlantachán Earraigh Náisiúnta chomh maith le hábhair ghlantacháin a sholáthar do ghrúpaí pobail, scoileanna agus araile agus bhailigh sí an bruscar uathu ina dhiaidh. Ina theannta sin, thug Comhairle Cathrach Phort Láirge urraíocht do Ghlantacháin Sráide a thionscain Raidió Áitiúil Phort Láirge trí mhálaí, lámhainní agus bainteoirí bruscair a sholáthar do ghlantacháin sa Chathair. Tugann WLR poiblíocht do na himeachtaí agus tugann siad tuairisc ar an dul chun cinn. Tá éirithe go hiontach leis sin, obair chónaitheoirí ina gceantair féin a aibhsiú agus daoine eile a spreagadh chun tabhairt faoina leithéid de ghlantacháin ina gceantair féin.
- CLÁR NA SCOILEANNA eagraíodh é seo i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus tugadh cuairt ar 43 bunscoil agus meánscoil i rith na bliana
  Cuireadh réimse cainteanna agus ceardlanna ar siúl ar bhruscar, ar dhramhail, ar athchúrsáil, ar fhuinneamh, ar athrú aeráide, ar bhithéagsúlacht agus ar chaomhnú uisce. Eagraíodh sraith cheardlann do mhúinteoirí ar an bhFuinneamh san Oideachas a chuir Fuinneamh Inmharthana na hÉireann i láthair. Moladh Páirc Dúlra Phort Láirge mar Lárionad Fionnachtain d'Eolaíocht agus Mata Bunscoile agus cuireadh ceardlanna do ghrúpa bunscoile ar siúl chun tacú leis an gcoincheap sin. Ghlac Comhairle Chathrach Phort Láirge páirt arís i bhféile eolaíochta allamuigh CALMAST.
- I láthair na huaire tá 87% de scoileanna i gCathair Phort Láirge cláraithe le CLÁR NA SCOILEANNA GLASA chomh maith le 4 réamhscoil agus institiúid bhreisoideachais amháin.
  Eagraítear Seimineáir Scoileanna Glasa gach aon bhliain chun comhairle a chur ar scoileanna, iad a mhealladh agus eolas a roinnt leo maidir leis an gclár oideachais chomhshaoil seo. Tugtar cabhair bhreise chun cur le hobair an tseimineáir sin i rith na bliana trí chuairteanna ar scoileanna, ghlaonna gutháin agus araile.
- COMÓRTAIS FRITHBHRUSCAIR: eagraíodh comórtas frith-bhruscair do bhunscoileanna i gcomhar le Hasbro chomh maith le comórtas Ollphéist an Bhruscair Oíche Shamhna agus Comórtas Mhaisiúcháin Nollag Athchúrsáilte i Mí na Nollag.
- COMORTAS COMHSHAOIL MHÓRTAS CINE AGUS CEANTAIR CHATHAIR PHORT LÁIRGE:eagraítear an comórtas seo gach aon bhliain chun pobail agus gnólachtaí áitiúla araon a spreagadh chun gnímh, chun feabhas a chur ar a dtimpeallacht áitiúil féin.
  Tá raon leathan de rannóga sa chomórtas idir an Ceantar Cónaithe is Fearr agus an Scoil is Néata.
- Chun SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN a chéiliúradh, eagraíodh plandáil crann i bhFaiche na nDaoine agus dáileadh 250 crann óg ar scoileanna agus ar ghrúpaí cónaithe, pobail agus óige.
- CEARDLANNA POBAIL: cuireadh iadsan ar bun do ghrúpaí éagsula, grúpaí pobail san áireamh. Leag sé sin béim ar a thábhachtaí is atá dea-bhainistíocht dramhaíola, bruscar a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil, a mhúiríniú, agus araile. Tugadh cuireadh do ghrúpaí laistigh de Chathair Phort Láirge chun páirt a ghlacadh i Máistir-Cheardlann Múiríneora a eagraíodh i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman agus an Feachtas Um Chosc Diomailte Bia. Tugadh treoir do rannpháirtithe conas córas múirínithe a fhorbairt, a bhunú agus a bhainistiú chomh maith le Diomailt Bhia a chosc. Tá a leithéid de chóras múirínithe curtha sa tsiúl anois i gcuibhrinn sa Ruán Mór.
- Thug Comhairle Cathrach Phort Láirge maoiniú do THIONSCNAIMH FHRITH-GHRAIFÍTÍ ag baint úsáide as comh-mhaoiniú ó Dheontas Feasachta Frithbhhruscair agus Frithghhraifítí, chomh maith le hathlonnú an bhalla graifítí ó Fhaiche Wyse go Faiche na nDaoine.
- Tugadh faoi fheasacht ar SHALÚ MADRAÍ mar chion bruscair a chur chun cinn agus eolas a scaipeadh ar conas an chion úd a sheachaint trí úinéirí madraí salachar madra a ghlanadh suas. Tá sluaistíní caca ar fáil saor in aisce ó dháileoirí sráide agus iarracht á déanamh réiteach na faidhbe a aibhsiú. Spraeáladh comharthaí i bpéint ar chosáin in áiteanna a raibh an fhadhb i réim . Cuireadh tús le feachtas feasachta poiblí le hamharclannaíocht sráide bunaithe ar Shalú Madraí ar siúl, i lár na cathrach, eisíodh preas ráitis chuig na nuachtáin áitiúla, rinneadh agallaimh le stáisiúin áitiúla raidió agus araile. Thosaigh na Maoir Bhruscair agus na Maoir Mhadraí ar patróil chun breis oideachais a chur ar úinéirí madraí.
- BRUSCAR GUMA Ghlac Comhairle Cathrach Phort

Láirge páirt i bhfeachtas i gcoinne Bruscar Guma ag dreim go laghdófaí méid an bhruscair ghuma ar na sráideanna, inar cuireadh amharclannaíocht oideachasúil ar siúl in iarbhunscoileanna chomh maith le laethanta eolais i lár na cathrach, agus araile.

- **D'OIBRIGH SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL** i bpáirtíocht le Nasc Ghrúpa na Leanaí chun Dúshlán an Chéadú Lá a eagrú a nglac breis agus céad oibrí deonach páirt ann d'fhonn bruscar agus graifítí i lár na cathrach a ghlanadh.

### BONNEAGAR DRAMHAÍOLA

Dúnadh Líonadh Talún Chill Bharra i Mí Mheán Fómhair 2005 agus i láthair na huaire tá dramhaíl iarmharach tí á iompar go líonadh talún ag Greenstar. Críochnaíodh an feabhsúchán ar an líonadh talún ag Cill Bharra in 2012 agus athosclaíodh ó shin é mar pháirc fóntais do phobal Phort Láirge.

Dúnadh an Áis Mhúirínithe ag an mBóthar Glas, Cill Bharra don phobal i Mí Mheán Fómhair 2009, áis ina mbíodh próiseáil á déanamh ar dhrámhaíl orgánach ó Chathair agus ó Chontae Phort Láirge. Tá moltaí ón earnáil phríobháideach á meas faoi láthair maidir le huasghrádú a dhéanamh ar an tsaoráid. Leanann Saoráid Chonláiste Cathartha Chill Bharra uirthi ag glacadh le gearrthóga fáil agus crainn ón bpobal.

D'éirigh Comhairle Cathrach Phort Láirge as an mbailiúchán bhruscar tí in 2011. Lean Rehab Glassco leis an mBanc Buidéal a fholmhú agus bailíonn Greenstar an bruscar ón láthair fóntas pobail.

Tá Comhairle Cathrach Phort Láirge fós ag bailiú na n-earraí toirtiúla/bána ó theaghlaigh laistigh de limistéar na Cathrach.

### FORFHEIDHMIÚ NA REACHTAÍOCHTA COMHSHAOIL

Gach aon bhliain, ullmhaíonn Comhairle Cathrach Phort Láirge agus gach údarás áitiúil eile Plean RMCEI (Íoscritéir Inmholta d'Fhorfheidhmiú na Reachtaíochta Comhshaoil), ina leagtar síos na héachtaí a baineadh amach an bhliain roimh ré agus a shonraíonn moltaí (an Plean) d'Fhorfheidhmiú na Reachtaíochta Comhshaoil don chéad bhliain eile. Tá Polasaí d'Fhorfheidhmiú na Reachtaíochta Comhshaoil curtha le chéile agus scríofa ag an gComhairle Cathrach an maidir le Bainistíocht Dramhaíola sa chathair. Déantar athbhreithniú air sin go bliantúil.

In 2013 gearradh fíneáil ar an láthair €150 an ceann, maidir le sárú an Achta Um Thruailliú ó Bhruscar agus seirbheáladh aon ionchúiseamh déag as neamhíoc fíneálacha.

Seirbheáladh deich n-ionchúiseamh in 2013 de réir an Achta Um Bainistiú Dramhaíola a bhí ag baint go príomha le sárú na Rialachán Um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Ídithe) 2007 agus le holaí dramhaíola a stóráil. Bhain dhá ionchúiseamh le sealbhóirí tí ag dumpáil dramhaíola ar an tsráid agus ag coimeád dramhaíola, a sháraigh Alt 32 agus Alt 18 den Acht Um Bainistiú Dramhaíola.

Tá Comhairle Cathrach Phort Láirge tiomanta i gcónaí dá Plean Um Bhainistiú Bruscair 2012-2015 agus í ag dul i ngleic le fadhb an Bhruscair trí ghlantachán sráide níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm, chomh maith le feasacht ar an gceist a mhéadú, oideachas níos dírithe ar an gceist a chur ar fáil agus an tAcht Um Thruailliú ó Bhruscar 1997-2008 a chur i bhfeidhm. Trí na nithe thuasluaite a chur i bhfeidhm, tá sé de rún ag an gComhairle Cathrach timpeallacht atá níos glaine, níos gile agus níos tarraingtí don tsúil a chur inár láthair, dóibhsean a bhfuil cónaí orthu sa chathair, dóibhsean a oibríonn inti agus dóibhsean a thugann cuairt ar an gcathair.

Tá Rialacháin 2012 maidir le Díolachán, Dáileachán agus Dó Breosla faoi leith tar éis leathnú amach agus cosc curtha ar dhíolachán agus ar dháileachán ghual tí lasmuigh de limistéir riaracháin Chathair Phort Láirge isteach go Co Phort Láirge agus Co Chill Chainnigh.

### RIALÚ MADRAÍ

Tá tearmann madraí á oibriú ag Comhairle Cathrach Phort Láirge ag Carraig na bhFraochán, Port Láirge. Tá an tseirbhís seo á hoibriú ag Comhairle Cathrach Phort Láirge thar ceann na Cathrach agus an Chontae.

Tá Maor Madraí fostaithe go lánaimseartha ag ceantar na Cathrach a chuireann forálacha an Achta Um Rialú Madraí i bhfeidhm. Ina theannta sin tá bainisteoir lánaimseartha ag an tearmann a dhéanann cúram de na hainmhithe agus a dhéanann bainistíocht ar an tearmann ó lá go lá.

In 2013, thug úinéirí madraí suas a madraí do Mhaor na Madraí nó bailíodh madraí a bhí ar strae agus ar an iomlán bailíodh 379 madra. Astusan, ghlac úinéirí 313 de na madraí thar n-ais iad, nó d'éirigh leis an Tearmann bailte nua a aimsiú dóibh. Eisíodh 1337 ceadúnas madraí i gcathair Phort Láirge i rith na bliana 2013.

### SEIRBHÍSÍ PÁIRCE AGUS TÍRDHREACHA

Is iontach ar fad iad na fóntais phobail atá i bhfaichí, i spásanna oscailte agus i gciumhaiseanna bóthair i gcathair Phort Láirge i gcomhair áineasa idir ghníomhach agus éighníomhach de. Feabhsaíonn siad an scéimhghné agus an timpeallacht, gnéithe a chuireann go mór le caighdeán saoil saoránach agus cuairteoirí araon.
Sa mhéid sin maidir le straitéis na Comhairle Cathrach chun conláistí áinleasa agus imeachtaí agus luachanna comhshaoil a sholáthar, lean sé sin ar aghaidh tríd an gcothabháil agus tríd an bhfeabhsúchán a rinneadh ar na saoráidí a bhí ann cheana féin chomh maith le cinn eile a bheith curtha ar fáil.

### Clár Crannadóireachta 2013

Thug foireann na Comhairle agus conraitheoirí tírdhreacha faoi na hoibrithe seo a leanas:

- 100 crann leathfhásta a phlandáil ar fud na cathrach
- Thart ar 500 crann sráide a phrúnáil ar chiumhaiseanna bóthair agus in eastáit tithíochta
- Crainn a bhí feoite, ag fáil bháis, marbh nó mí-oiriúnach a bhaint ó shráideanna agus cinn a chur ina n-áit de réir mar ba ghá
- Eagraíodh imeachtaí mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann chun feasacht a chur chun cinn

maidir le tábhacht na gcrann sa chomhshaol i gcomhar leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil.

### Taispeántais Bhláthanna

Ceannaíodh bláthanna i gcomhair taispeántais bhláthanna ó shainphlandlanna. Cuireadh breis agus 10,000 planda ceapaí samhraidh agus 8,000 planda ceapaí earraigh in 2013 sna suíomhanna seo a leanas ar an N25 agus Bóthar Chorcaí, Na Céanna, Ieacht Thomás Prionsias Uí Mheachair, Ardoifig an Phoist, Sráid Mhíchíl, Timpeallán Bhóthar Chorcaí, Baile Bhricín agus Baois Mhic Risteaird. Crochadh 120 ciseán bláthanna in 2013. Crochadh iad agus iad faoi bhláth agus chuir siad go mór leis an dreach a bhí ar Lár na Cathrach.

### Balla Graifítí

Aistríodh an Balla Graifítí ó Fhaiche Wyse (toisc an chrannóg a bheith bainte agus na hoibrithe ar Phrióireacht Eoghain curtha i gcrích). Tá balla graifítí lonnaithe faoi láthair ar chúl na páirce scátála.

### Clóis Súgartha

Leanann foireann na bhFaichí leis an gcleachtas, cigireacht fhoirmeálta a dhéanamh ar áiseanna uile na gclós súgartha go seachtainiúil, le cinntiú go gcoimeádtar ar ardchaighdeán iad. Glantar bruscar iontu go laethúil agus glantar graifítí nuair is gá ar bhonn rialta, le deimhniú go mbíonn dea-chuma ar na clóis súgartha i gcónaí.

## Oibriúcháin Chothabhála Thírdhreacha 2012-2014

Déanann conraitheoir Tírdhreacha obair chothabhála ar na spásanna oscailte ar fud na cathrach. Ar chúramaí an conraitheora tá bruscar a ghlanadh, féar a bhaint agus luibhicíd a fhorchur.

Tá obair chothabhála á dhéanamh ar suas le 250 acra de spásanna oscailte faoin gconradh úd. Tá conradh tugtha do chonraitheoir tírdhreacha chun oibriúcháin chothabhála tírdhreacha a chur i gcrích idir 2012 agus 2014. Is iad faichí na Cathrach ná: Faiche na nDaoine, Faiche Wyse, Faiche na Sé Acra, Faiche an Bhaile Bhig agus Páirc Dúlra Phort Láirge.

### Forchur Luibhicíde ar Chiumhaiseanna Bóthair

I gcathair Phort Láirge, tá isteach agus amach le 160 ciliméadar de chiumhaiseanna bóthair ar ghá luibhicíd a fhorchur orthu gach aon bhliain. I láthair na huaire tá sé seo á chothabháil faoi chonradh. Tá Comhairle Cathrach Phort Láirge ag leanúint lena clár píolóta chun an Glúineach Bhiorach a smachtú. Díreoidh an clár ar láithreáin ag Bóthar Dhún Mór Thoir agus ag Siúlbhealaí Bhóthar na Trá Móire agus ag Líonadh Talún Chill Bharra.

### Baint Graifítí agus Deisiúcháin Fóntais

Baineann an phríomhobair le gníomhaíochtaí cosúil le baint graifítí, tréan-níochán, péinteáil agus deisiúcháin siúinéireachta. Is iad na príomháiteanna a ndírítear orthu ná suímh uile lár na cathrach, (fóntais agus raon poiblí) agus faichí uile na cathrach agus clóis súgartha. Cé gur chobhsaigh méid an ghraifítí le tamall anuas, go háirithe ó cuireadh isteach an Balla Graifítí i bhFaiche na nDaoine, tá láithreáin áirithe a mbaineann an fhadhb leo i gcónaí agus gur gá athchuairt a thabhairt orthu go minic ar a n-áirítear Faiche na nDaoine, Cearnóg Sheáin Roibeaird, Dealbh Luke Wadding, Cearnóg na hArdeaglaise, Cearnóg an Iarnróid agus Clós Súgartha Naomh Eoghain an Mhainéir.

### Scéim Maolaithe Tuilte

Tá an conradh do Thréimhsí, 2, 3 & 4 den Scéim Maolaithe Tuilte ag dul de réir sceidil agus leanfaidh na hoibriúchain ar aghaidh ar dhá thaobh Abhainn Eoghain chomh fada le RSC agus Club an Chruidín. Is é Niall Barry Teo an conraitheoir agus b'eisean a chuir Tréimhse 1 i gcrích chomh maith (an balla gloine ar an gcé). Cuirfidh an conradh seo críoch leis an scéim agus táthar ag dreim go dtiocfaidh críoch leis ag deireadh 2014.



### Seirbhísí Fuíolluisce agus Draenála

Tá Rannóg an Fhuíolluisce agus Draenála freagrach as oibriúchán agus cothabháil chórais séireachais agus draenála na Cathrach lena n-áirítear séaraigh, stáisiúin chaidéalúcháin, draenáil uisce stoirme agus claiseanna uisce dromchla. Freastalaíonn an Rannóg seo ar ghlaonna éigeandála laistigh agus lasmuigh de ghnáth uaireanta oibre.

### Cóireáil Fuíolluisce

Tá conraitheoir i mbun oibríochtaí, thar ceann na Comhairle Cathrach ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair Phort Láirge atá suite i nGoirtín i gCo Chill Chainnigh. Coimisiúnadh an tIonad i Mí Iúil 2010 agus tá an fuíolluisce á chóireáil ann ó shin i leith agus tá na teorainneacha doirte á gcomhlíonadh ann faoi mar atá leagtha amach ag an nGníomhaireacht Um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Déanann an Rannóg maoirseacht agus monatóireacht ar an Ionad Cóireála Uisce agus cuireann sí isteach Tuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil chuig an GCC a dhéanann tuairisc ar fheidhmíocht an Ionaid.

### Príomhscéim Draenála Phort Láirge (Céim 2)

Tá an scéim seo a tosaíodh in 2005 curtha i gcrích faoin tráth seo. Tá córas de phríomhshéaraigh idircheapóra ar dhá thaobh d'abhainn na Siúire curtha ar fáil ag an scéim, chomh maith le sraith de Stáisiúin Chaidéalúcháin a chuireann fuíolluisce ar fáil don Ionad Cóireála nua sa Ghoirtín. Níl doirte ó dhabhach shéarachais/coinneála ag sileadh isteach in abhainn na Siúire de bharr an tionscnaimh seo agus tá an dul chun cinn seo tar éis cur go

mór le feabhsúcháin chomhshaoil d'inbhear na Siúire. In 2014 tabharfar faoi Scéim Feabhsúcháin Séaraigh chun insíothlúchán sailíne a chosc ó dhul isteach sa ghréasán séarachais in áiteanna íseal-leibhéil sa chathair.

## Uisce na hÉireann

Bunaíodh Uisce na Éireann faoin Acht Um Sheirbhísí Uisce 2013 i Mí na Márta 2013. Tógfaidh Uisce na hÉireann seirbhísí uisce agus fuíolluisce an 34 Údarás Áitiúil faoi bhrat aon soláthraí seirbhíse amháin. De réir a chéile glacfaidh Uisce na hÉireann le freagrachtaí ó na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn céimnithe ó Mhí Eanáir 2014. Tógfaidh sé isteach is amach le cúig bliana chun Uisce na hÉireann ina iomláine a bhunú agus a luaithe is a bheidh sin déanta beidh sé freagrach as oibríocht sheirbhísí uisce poiblí lena n-áirítear bainistíocht ar shócmhainní náisiúnta uisce, cothabháil an chóras uisce, infheistíocht agus pleanáil, bainistiú ar thionscnamh caipitil chomh maith le cúram custaiméirí agus sonrascú. Beidh Uisce na hÉireann freagrach as cinntí caipitil agus infheistíochta a dhéanamh maidir le bonneagar uisce na tíre ar bhonn náisiúnta chomh maith le bheith freagrach as seirbhísí uisce poiblí.

Leanfaidh Comhairle Cathrach Phort Láirge uirthi ag seachadadh seirbhísi uisce faoi Chomhaontú Seirbhíse le hUisce na hÉireann. Leagann an Comhaontú Seirbhíse cearta agus cúraimí Uisce na hÉireann agus na Comhairle amach, de réir na socruithe nua atá ag feidhmiú do sheachadadh uisce agus fuíolluisce i gceantar an Údaráis Áitiúil.

## Soláthar & Dáileachán Uisce

Déanann an Chomhairle Cathrach cothabháil ar 355 ciliméadar de phríomhlínte uisce ar fud na cathrach. Ba é an meánéileamh d'uisce sa Chathair i rith 2013 ná 18,629 méadar ciúbach in aghaidh an lae. Déantar cianfhaireachán agus cianrialúchán ar dháileachán an uisce sa ghréasán le córas raidió teiliméadrachta Scada. Ligeann sé seo don Chomhairle anailís mhear a dhéanamh ar shreabha agus ar bhrúnna ar fud an ghréasáin dáileacháin agus freagairt dóibh de réir mar is gá.

## Caomhnú Uisce

Lean an Chomhairle le cur chuige thar a bheith réamhghníomhach maidir le caomhnú uisce i rith 2013. Tá laghdú tagtha dá réir ar an bhfigiúr maidir le hUisce Gan Tásc. In 2012 ba é an figiúr d'Uisce Gan Tásc ná 39.57% ach in 2013 laghdaigh sé sin go dtí 31.8%, rud is féidir a chur i leith cur chuige pleanáilte agus córasach Fhoireann Rialaithe Sceite Gníomhach na Comhairle ar a bhfuil daoine ó na Foirne um Dheisiúchain agus Chothabháil agus Chaomhnú Uisce maidir le caomhnú uisce i rith na bliana 2013. Cheadaigh an DECLG an conradh d'athshlánú phríomhlínte na cathrach Céim 3 i Mí na Nollag agus beidh tús á cur le hobair tógála i mí Aibreáin. Bainfidh na hoibriúcháin 23 ciliméadar de phríomhphíblínte sean-iarainn theilgthe ón ngréasan uisce agus beidh infheistíocht de nach mór €6.5 milliún i ngréasán na Cathrach i gceist leis.



## Caighdeán an Uisce Óil

Déanann an GCC, FSS agus an tsaotharlann ag Ionad Cóireála Uisce ag Baile Adáim tástáil rialta le deimhniú go bhfuiltear ag comhlíonadh Rialúcháin an Chomhphobail Eorpaigh (Uisce Óil), 2007. Bhí soláthar uisce óil na Cathrach ar ardchaighdeán i gcaitheamh na bliana 2013. Léirigh torthaí chaighdeán an uisce óil don soláthar poiblí uisce a d'fhreastail ar dhaonra de 46,747 i gcathair Phort Láirge go raibh comhlíontas iomlán de 100% bainte amach. Níor eisíodh aon fhógraí do thomhaltóirí maidir le huisce a fhiuchadh nó maidir le srianta uisce i rith na bliana 2013.

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

# SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Na córais airgeadais a fhorbairt d'fhonn bainistiú éifeachtach acmhainne a chur chun cinn lena n-áirítear uasmhéadú ioncaim d'fhonn a chinntiú go gcuirfear polasaithe agus cuspóirí foriomlána na cathrach chun feidhme.

## Achoimriú Airgeadais do 2013 (faoi réir iniúchta)

| Achoimre ar Chuntas Ioncaim: | 2013 €milliún | 2012 €milliún |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | -1.2 | -0.3 |
| | | |
| CAITEACHAS DON BHLIAIN | 57.3 | 56.5 |
| Aistrithe chuig Cúlchistí | 2.1 | 0.1 |
| | 59.4 | 56.6 |
| | | |
| IONCAM DON BHLIAIN | | |
| Deontais Stáit | 17.0 | 14 |
| Earraí agus Seirbhísí | 20.4 | 20.2 |
| Rátaí Tráchtála | 21.6 | 21.6 |
| | 59.0 | 55.8 |
| Easnamh don Bhliain | -0.4 | -0.8 |
| | | |
| Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig | -1.6 | -1.2 |

## Achoimriú Cláir Chomhordaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Sóchmhainní Seasta | 941.3 | 942.7 |
| Obair idir Lámha | 14.8 | 17.0 |
| | | |
| Fiachóirí Fadtéarmacha | 52.9 | 54.9 |
| Sóchmhainní Reatha | 19.6 | 16.3 |
| Dliteanais Reatha | -38.9 | -34.6 |
| | 989.7 | 996.3 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | 78.9 | 82.5 |
| GLANSÓCHMHAINNÍ/(FIACHAIS) | 910.8 | 913.8 |

| A CHUIMSÍONN: | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Cuntas Caipitlithe | 941.3 | 942.7 |
| Obair idir Lámha | 15.6 | 18.0 |
| Cúlchiste Ioncaim Shonraigh | 0.0 | 0.0 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | -1.6 | -1.2 |
| Comharduithe Eile | -44.5 | -45.7 |
| Cúlchistí Iomlána | 910.8 | 913.8 |

## Líonrú/Cumarsáid:

Feidhmímid líonra limistéir logánta forleathan i gCathair Phort Láirge atá comhdhéanta de chóras gan sreang, de cábla snáthoptaice, de bhanda leathan, de línte léasaithe, agus de naisc VPN agus DSL. Tugann an roinn riartha líonra againn tacaíocht agus comhairle do 450 úsáideoir agus fuarthas nach mór 3000 iarratas ar thacaíocht in 2013 tríd an gcóras tacaíochta teicniúil. Tá na húsáideoirí bunaithe i níos mó ná fiche ionad thart timpeall na cathrach, lena n-áirítear an Stáisiún Dóiteáin, Árais na Comhairle, Leabharlanna. an tIonad Spóirt/Cúrsa Gailf.

In 2013 leathnaíodh an líonra agus an tacaíocht go dtí úsáideoirí nua san Oifig maidir le Bunathrú Uisce Éireann, i Malartán Fumbally (FEx), san Oifig um Fhaoisimh ó Thuilte agus i dTionscadal Sráid Lombard agus sna hOifigí Ealaíon. Thugamar tacaíocht freisin d'Fhéile an Fhómhair agus d'Fhéile Winterval le hoifigí a chur ar bun agus lena raibh riachtanach le haghaidh líonraithe agus cumarsáide a chur ar fáil dóibh.

Leathnaíodh an líonra WIFI poiblí sa chaoi go raibh ceantar an Triantáin Lochlannaigh á chlúdú, rud a chinntigh go mbeadh fáil ar an tseirbhís 30 nóiméad saor in aisce d'úsáideoirí le linn dóibh bheith ar cuairt sna músaeim nó amach ar thurais siúlóide. Leathnaíodh WIFI na foirne freisin go dtí gach seomra cruinnithe, go dtí seomra na comhairle agus go dtí na seomraí coiste.

Cuireadh tús freisin le hobair ullmhúcháin ar an gcumascadh d'fhonn líonra nua ríomhairí do chumascadh nua Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Contae Phort Láirge a bhunú agus d'fhonn na córais a bhí ann cheana a chur le chéile chun aon tseirbhís amháin a sholáthar don údarás nua.

Chuireamar tús freisin leis an t-uasghrádú go dtí na córais oibriúcháin Windows7/ Office 2007 do na húsáideoirí uile i mí na Nollag; beidh an tionscadal sin i gcrích i Márta 2014 de bhrí go scoirfidh Microsoft de thacaíocht a thabhairt do chórais níos sine faoin am sin.

## Forbairt Seirbhíse Ar Líne

Bhí an trácht seasta i rith na bliana 2013 ar phríomhshuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Phort Láirge, www.waterfordcity.ie a chuireann faisnéis cothrom le dáta ar fáil maidir leis na seirbhísí a mbaineann an pobal úsáid astu. Is bealach é an suíomh idirlín a bhfuil an-éileamh air i gcónaí chun teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Cathrach agus de réir mar a bhain níos mó daoine deis as na háiseanna ar líne ba ea ba mhó a tháinig méadú ar na teagmhálacha a rinneadh tríd an suíomh idirlín.

De bhreis ar an obair chothabhála atá déanta agus ar an bhfeabhas atá curtha ar phríomh shuíomh idirlín na Comhairle i ndiaidh an fhógra maidir leis an gcumascadh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge, tá pleanáil agus forbairt shuntasach déanta le nua d'fhonn láithreacht nua chomhcheangailte a chur chun feidhme ar an idirlín. Déanfar athfhorbairt anois ar roinnt de na suímh idirlín atá againn trí úsáid a bhaint as CBA (Córas Bainistíochta Ábhair) nua trína mbeidh sé ar chumas fhoireann na heagraíochta ábhar dá gcuid féin a fhoilsiú.

Bhí an rannóg maidir le forbairt idirlín gafa go mór le roinnt tionscadal comhpháirtíochta éagsúil sa Chomhairle Cathrach, mar shampla i dtionscadal shuíomh idirlín an Triantáin Lochlannaigh a seoladh i rith na bliana 2013 agus a d'éirigh go hiontach leis. Bhí baill den fhoireann gafa freisin leis na céimeanna pleanála de bhranda cumascta foriomlán an údaráis nua agus le straitéisí éifeachtacha a bheartú maidir le hidirghníomhaíocht ar líne sna blianta amach romhainn.

Bíonn láithreacht an-láidir ar líne i gcónaí ag an tSeirbhís Leabharlainne i ndiaidh di aistriú go dtí Córas Bainistíochta Leabharlainne nua ar a dtugtar Iguana. Baineann an tSeirbhís Leabharlainne agus an Chomhairle Cathrach úsáid as na meáin shóisialta chun dul i dteagmháil le custaiméirí agus go háirithe bíonn an-fhonn ar dhaoine Twitter a úsáid. Breathnaigh ar na teachtaireachtaí foláirimh ag @waterfordcityco.

Roinnt staitisticí faoin suíomh idirlín agus faoi na meáin shóisialta in 2013:

- Suímh Idirlín – Fuarthas nach mór 1,003,500 amas ag na suímh idirlín éagsúla agus ba é 510,000 an cómhaireamh maidir le hamharc ar leathanaigh ag an bpríomhshuíomh idirlín waterfordcity.ie.
- Twitter – bhí fás seasta ar an lucht leanúna i gcomhréir leis an bpolasaí atá againn maidir le Meáin Sóisialta agus faighimid roinnt teagmhálacha gach lá tríd an meán sin. Tá lucht leanúna de 3,671 dhuine againn anois agus sheol siad 3,000 teachtaireacht.
- Tá Facebook fós ar an ardán is ansa linn chun aird an phobail a dhíriú ar imeachtaí sóisialta nó ar rudaí spéisiúla atá ag tarlú ar fud na cathrach toisc go gceadaítear níos mó faisnéise a scaipeadh in aghaidh gach poist ar Facebook ná ar Twitter – tá 1,105 likes againn agus tá 800 likes níos mó ag Seirbhís na Leabharlainne.

## Forbairt na gCóras

Is táirgí dílseánaigh a bhfuil fáil orthu sna siopaí "off the shelf" iad tromlach na bpacáistí ríomhaire oifige a úsáidimid ach is í an Ghníomhaireacht Bhainistithe Rialtais Áitiúil a sholáthraíonn/fhorbraíonn cuid mhaith dár gcórais chroíleacáin, córais a mbaineann formhór na n-údarás áitiúla úsáid astu freisin, agus is muid a chuireann chun feidhme iad agus a choinníonn caoi orthu.

Maidir leis na córais eile a bhaineann go sonrach lenár riachtanais féin is iad ár bhforbróirí féin a fhorbraíonn agus a choinníonn caoi orthu laistigh den eagras. I gcás go bhfuil córais forbartha le haghaidh riachtanas inmheánach tá iarracht déanta againn iad a chur ar fáil do na hoibrithe amuigh trí úsáid a bhaint as fóin chliste. Áirítear ar chórais a cuireadh i bhfeidhm in 2013:-

- Foirm Iarratais le Turais ar Iarsmalanna a chur in áirithint
- Córas maidir le Clárú le Galfchúrsa
- Leathnú ar liosta inmheánach tascanna

Ina theannta sin táthar i mbun oibre go leanúnach chun na córais atá ann a uasghrádú go dtí an córas SQL/.NET is deireanaí, chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht

atá acu agus más cuí chun iad a chumasú chun teacht ar an idirlín/inlíon. Ina theannta sin rinneadh uasghrádú ar chórais Inlín agus ar chórais Chaiteachais i rith na bliana.

I ndiaidh an fhógra maidir leis an gcumascadh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge rinneadh obair mhór chun córais agus bunachair shonraí a chur in oiriúint don chumascadh i mí Meitheamh 2014. I roinnt cásanna, mar shampla i gcás Bhunachar Chlár na dToghthóirí rinneadh aon tacar sonraí amháin de na tacair shonraí cheana féin. Leanaimid freisin den chomhoibriú leis an Oifigeach CFG againn d'fhonn naisc láthairbhunaithe /sheoladhbhunaithe a chruthú idir bunachair sonraí leithleacha éagsúla. Beifear ag leanúint leis an obair sin in 2014 d'fhonn Bunachar Lárnach maidir le Seoltaí a chruthú a mbeidh naisc idir é agus gach córas ábhartha.

## Córais Faisnéise Geografaí (CFG):

Some of the highlights from 2013 were:




### MapAlerter

Seoladh an "MapAlerter" in 2012 agus faoi cheann Deireadh Fómhair 2013 bhí 778 n-úsáideoir uathúla cláraithe leis an tseirbhís. Áirítear ar na hionaid a bhí cláraithe 627 n-ionad baile agus and 512 ionad oibre.

Glacadh go fonnmhar leis an tseirbhís agus ní hamháin gur féidir foláirimh a chur amach le SMS agus le ríomhphost tríd an tseirbhís ach gur féidir anois nuascéala a chur chuig Leathanach Baile na gComhairlí, chuig an gcuntas Twitter agus ríomhphoist a sheoladh chuig páirtithe ar ábhar spéise dóibh iad ar nós an Garda Síochána agus WLRFM.

Eisíodh 136 fholáireamh i rith na bliana 2013 agus seoladh amach 72,890 teachtaireacht SMS.







FMEinsider Winter 2012 - 2013

Obair a rinne an Rannóg GIS ar tugadh aitheantas di i nuachtlitir tionscail.

Tugadh aitheantas i Nuachtlitir Insider an FME don obair a rinne rannóg GIS maidir le sonraí a chomhtháthú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a scaipeadh. Cuireadh agallamh ar an Oifigeach GIS Jon Hawkins le haghaidh eagrán idirnáisiúnta an Gheimhridh 2012-2013; cuireadh an cheist air conas a bhí sé ag baint úsáide as bogearra FME (Inneall Ionramháil Gné) na gComhairlí chun an Chomhairle a dhéanamh níos éifeachtaí. Tabhair cuairt ar http://blog.safe.com/2013/01/barsoomian-feats--shonraí-chlaochlú / chun an t-alt a léamh ina iomláine.

UISCE ÉIREANN : IRISH WATER

### Oifig maidir le Bunathrú ar Sheirbhísí Uisce

Chomh maith leis an obair a rinne Rannóg GIS na Comhairle ar an gcumascadh in 2013 thug sí cúnamh don Oifig maidir le Bunathrú ar Sheirbhísí Uisce atá bunaithe sa Chathair. Ar an tascanna i gceist bhí anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis ó Rannóga Seirbhísí Uisce ar fud na hÉireann agus gníomhú mar chomhordaitheoir idir Rannóga GIS Údarás Áitiúil eile agus Uisce na hÉireann.

# MÓTARCHÁIN AIGHNEACHT TUARASCÁLA BLIANTÚLA 2013

### Aidhmeanna:

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna foriomlána a bhaineann le Mótarcháin agus le Ceadúnas Tiomána a mhéadú agus seirbhís custaiméara den scoth a sholáthar gach tráth

### Tionscnaimh Shonracha

Tá a spéis atá aici maidir le húsáid a bhaint as an Suíomh Idirlín Faisnéise Mótarchánach atá deartha agus forbartha ag Comhairle Cathrach Phort Láirge mar Shuíomh Náisiúnta Mótarchánach curtha in iúl ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'aithneofaí an Suíomh Idirlín Faisnéise sin mar Shuíomh Idirlín Faisnéise Mótarchánach Náisiúnta dá dtarlódh sin. Ba onóir mheasartha é sin agus thabharfadh sé aitheantas ar mhodh suntasach don am a chaith foireann na Rannóige Mótarchánach leis an Tionscadal sin agus agus don dícheall oibre a rinne siad.

Bhí bláthú i gcónaí ar an Tionscadal Mótarchánach TV in 2013. Is nuálaíocht é sin a lean as Treoirleabhar Faisnéise na hOifige Mótarchánach. Is éard atá i Mótarcháin TV córas faisnéise ar scáileán plasma a thaispeánann na príomhphointí faisnéise ó Threoirleabhar Faisnéise na hOifige Mótarchánach. Is í an fhoireann san Oifig Mótarchánach freisin a chuir an nuálaíocht sin chun cinn. Is é an phríomhaidhm atá leis faisnéis ábhartha faoin tseirbhís mhótarchánach a sholáthar do chustaiméirí le linn dóibh feitheamh ar sheirbhís i limistéar poiblí na hOifige Mótarchánach. Bheartaigh líon mór Oifigí Mótarchánach ar fud na tire bheith rannpháirteach sa Tionscadal, rud a chinnteoidh go mbeidh an fhaisnéis chéanna ar fáil do chustaiméirí oifigí mótarchánach i ngach ceard den tír. Sa bhliain 2014 déanfar an Tionscadal Mótarchánach TV a athdhearadh agus beidh taispeántas grafach níos nua-aimseartha i gceist maille le sraith de cheisteanna agus de fhreagraí nua a bheidh bunaithe ar na ceisteanna is coitianta a chuirtear maidir le Mótarcháin. Tríd is tríd tá sé i gceist go mbeadh sé ina áis níos bríomhaire agus níos oiriúnaí don chustaiméar.

## Staitisticí Mótarchánach 2013

| Ceadúnais Feithicle a Eisíodh: | |
|---|---|
| Bhliantúil | 6,272 |
| Gach re Bliain | 3,517 |
| Uair sa Ráithe | 16,276 |
| Dúbláil | 154 |
| Díolmhaithe | 237 |
| Cealaithe | 66 |
| Saor in ionad | 54 |
| IOMLÁN | 26,576 |

| Ceadúnais Tiomána a Eisíodh: | |
|---|---|
| Iomlán - Bliain Amháin | 67 |
| Iomlán - 3 Bliana | 775 |
| Iomlán 10 mBliana | 2,130 |
| Sealadach – Bliain Amháin | 563 |
| Sealadach – 2 Bhliain | 1,182 |
| Dúbláil | 401 |
| Saor in ionad | 258 |
| Cealaithe | 2 |
| IOMLÁN | 5,378 |

### Scéim Tástála Feithicle (Earraí):

Eisíodh 2,006 Dheimhniú Inaistir faoin scéim seo in 2013.

### Admhálacha:

Ba é €5,613,528.60 méid iomlán na bhfáltas ó na gníomhaíochtaí Mótarchánach ar fad in 2013.

# TITHÍOCHT, SEIRBHÍSÍ POBAIL, & FIONTAR

# TITHÍOCHT

"Is é mórchuspóir na Rannóige Tithíochta freastal a dhéanamh do sholáthar cóiríochta ar ardchaighdeán dóibh siúd is mó a bhfuil ina díth agus pobail inbhuanaithe a chur chun cinn i gcathair Phort Láirge."

### Clár Tithíochta

Cuireann an Rannóg Tithíochta réimse éagsúla de chláir thithíochta agus de sheirbhísí ar fáil ar bhonn leanúnach d'fhonn an mórchuspóir, freastal a dhéanamh do sholáthar cóiríochta ar ardchaighdeán dóibh siúd is mó a bhfuil ina díth, a bhaint amach. Cuireadh na haonaid tithíochta a leanas ar fáil in 2013.

| | |
|---|---|
| Aonaid nua-athchóirithe ó stoc a bhí ann cheana | 121 |
| Tithe a fuarthas tríd an Scéim CAS | 2 |
| Comharbas Tionóntachtaí | 23 |
| Tithe a fuarthas Deontais Cabhrach Tithíochta ina leith | 78 |
| Tithíocht a cuireadh ar fáil faoi Scéim RAS/léasú | 63 |
| Úinéireacht Comhroinnte/Iasachtaí Blianachta/Inacmhainne | 2 |
| Comhlachtaí Tithíochta Faofa | 65 |
| AistritheTithíochta | 11 |
| Athchóiriú Cóiríochta don Lucht Siúil | 13 |
| Ceannacháin Tionónta curtha i gcrích | 6 |

Chinntigh na cláir thuasluaite go gcuirfí cóiríocht ar ardchaighdeán ar fáil chun riachtanas fadtéarmach teaghlach na Cathrach a riar in 2013.

### Maoiniú Caipitil Chúnaimh

Fuair CCPL seilbh ar dhá bhungaló a bhí curtha in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas in 2013 d'fhonn tithe a chur ar fáil do theaghlaigh a mbeadh riachtanais speisialta acu. Maoiníodh iad faoin Scéim um Chaipiteal Cúnaimh. Maoiníodh freisin le haghaidh Chumann Tithíochta Pháirc Belmont teach a cuireadh in oiriúint do cheithre dhaoine a raibh deacrachtaí foghlama orthu tríd an Scéim SCC.

### Comhlachtaí Tithíochta Faofa

Bímid ag comhoibriú le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun réiteach a fháil ar fhadhbanna tithíochta. Ligeadh ar léas do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa in 2013 10 dteach nár díoladh faoi Scéim na dTithíochta Inacmhainne chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil.

### Measúnú ar Riachtanais Tithíochta maille le hIarratais Nua

In 2013 rinneadh athbhreithniú iomlán ar an liosta tithíochta d'fhonn a chinntiú go raibh an fhaisnéis ábhartha ar fad maidir le hiarratasóirí tithíochta cothrom le dáta agus go raibh na hiarratasóirí fós i dteideal tithíochta sóisialta. Ba chuid é sin den Mheasúnú ar Riachtanais Thithíochta Sóisialta Náisiúnta 2013. Measadh go raibh 1,508 dteaghlach i dteideal tacaíochta maidir le tithíocht shóisialta i gCathair Phort Láirge.

### Obair Chothabhála Réamhbheartaithe/Athchóiriú Tithe Folmha

Rinneadh an obair chothabhála réamhbheartaithe a leanas in 2013:

| | |
|---|---|
| Caoi a Choinneáil ar Choire Gáis | 895 aonad |
| Rinneadh tástálacha radon in 2013 | 485 aonad |
| Suiteálacha fuinneoige agus dorais | 90 aonad |
| Athsholáthar / deisiú tinteán | 51 aonad |
| Athchóiriú Tithe Folmha | 121 aonad |
| Insliú a fheabhsú 368 | n-aonad |
| Iarratais a fuarthas maidir le hobair chothabhála | 3476 aonad |
| Freagairt do ghlaonna éigeandála taobh amuigh de ghnáthuaireanta | 60 aonad |

### Scéim Feabhsaithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Sa bhliain 2013, d'feabhsaigh Comhairle Cathrach Phort Láirge an leibhéal inslithe i 368 dteach; cuireadh feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh na dtithe agus dá réir laghdú ar bhillí téimh na dtionóntaí.

### Bainistiú Folúis

Runneadh Tithe Folmha a bhainistiú go leanúnach agus go réamhghníomhach in 2013 agus ligeadh amach in athuair 121 aonad a raibh athchóiriú hiomlán déanta orthu faoin gclár um fholúis.

### Scéim Um Chóiríocht Ar Chíos (SCC)/Léasú

Is tacaíocht tithíochta atá i gceist leis an scéim SCC agus leis an scéim léasaithe agus is tríothu a sholáthraítear do chóiríocht bhreise ar ardchaighdeán agus a cuidítear leis an gComhairle Cathrach chun riachtanais tithíochta fhadtéarmacha a riar. Cuireadh an dá scéim ar aghaidh ar bhonn réamhghníomhach in 2011 nuair a cuireadh 63 aonad breise ar fáil ar fud na Cathrach.

### Caighdeáin teaghaisí príobháideacha ar cíos

Rinne an Roinn Tithíochta cigireacht go foirmeálta ar 781 mhaoin sealbhais phríobháideacha ar cíos d'fhonn seiceáil a dhéanamh agus d'fhonn comhlíontas na rialachán maidir le caighdeáin teaghaisí príobháideacha ar cíos a fhorfheidhmiú i rith na bliana 2013.

### Scéimeanna um Dheontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Aosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas.

- Cuirtear Cabhair Tithíochta ar fáil do Dhaoine Aosta chun cuidiú le daoine aosta a bhfuil drochbhail ar a n-áit chónaithe obair dheisiúcháin nó obair fheabhsúcháin atá riachtanach a dhéanamh. Cuirtear deontas de €10,500 ar an mhéid ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.
- Cuirtear an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil chun cúnamh a thabhairt dóibh an obair a theastaíonn le teach a chur in oiriúint to dhuine faoi mhíchumas atá ina bhall den teaghlach a chur i gcrích. Cuirtear deontas de €30,000 ar an mhéid ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.
- Tá Scéim na nDeontas le haghaidh Áiseanna Soghluaisteachta ann chun cabhair dheontais a luathú d'fhonn bonnsraith oibriúchán a thabharfaidh aghaidh ar fhadhbanna soghluaisteachta a bhaineann go príomha ach ní go heisiach le haois a chur i gcrích. Cuirtear deontas de €6,000 ar an mhéid ar fáil d'úinéirí tithe príobháideacha.

Le linn na bliana 2013 próiseáladh agus faomhadh 68 ndeontas agus íocadh deontas i gcás 78 n-iarratas.

### Scéim na Riachtanas Ardtosaíochta

D'fhonn déileáil leis an éileamh, le méid na n-iarratas ar na scéimeanna deontais thuasluaite agus le leibhéal an mhaoinithe atá ar fáil chinn an Chomhairle Cathrach scéim tosaíochta a chur ar bun.

Feidhmítear an scéim um Chabhair Tithíochta do Dhaoine Aosta ar bhonn oibriúchán riachtanach atá á ndéanamh ar chreatlach an fhoirgnimh a chinnteoidh go mbeidh an cónaitheoir in ann fanacht ina theach féin agus ina thimpeallacht féin.

Feidhmítear na Scéimeanna do Dhaoine faoi Mhíchumas ar an mbonn go gcinnteofar tosaíocht dóibh siúd is mó a bhfuil cóireáil leighis de dhíth orthu.

### Anailís ar Dheontas maidir le faomhadh agus le caiteachas in 2013

| Grant Scheme 2013 overview | Value of approved applications 2013 | Number of approved applications 2013 | Value of paid applications 2013 | Number of paid applications 2013 | Average spend per application |
|---|---|---|---|---|---|
| Housing Aid for Older People Max €10,500 | €96,630 | 22 | €111,449 | 22 | €5065 |
| Housing Adaptation for People with a Disability Max €30,000 | €71,465 | 9 | €106,399 | 10 | €10,639 |
| Mobility Aids Scheme Max €6,000 | €193,723 | 37 | €245,410 | 46 | €5335 |
| **Total** | €361,818 | 68 | €463,258 | 78 | |

Lean Comhairle Cathrach Phort Láirge léi sa ról atá aici tacaíocht a thabhairt do phobail agus dul i mbun oibre i gcomhar le gníomhaireachtaí eile maidir le forbairt áitiúil in 2013. Tá ról leanúnach ag rannóg na Seirbhísí Pobail maidir le struchtúir / tionscnaimh a chuireann le forbairt na Cathrach a chur chun cinn in éindí le comhpháirtithe a leithéidí an Clár Forbartha Pobail Áitiúil agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh Áitiúla a fhaid is a bhíonn fónamh á dhéanamh agus ionadaíocht á dhéanamh aici ar son na Comhairle ar choistí agus ar bhoird iomadúla. Tosaíocht shuntasach don rannóg sa bhliain amach anseo is ea tairseach gréasáin na Cathrach a chríochnú i gcomhar leis an gClár Forbartha Pobail Áitiúil.

### Iompar frithshóisialta a chosc

Déantar seiceáil maidir le hiompar frithshóisialta ar gach iarratasóir ar thithíocht a chuireann Comhairle Cathrach Phort Láirge ar fáil.
Dhéileáil an t-aonad le 180 gearán maidir le hiompar Frithshóisialta in 2013. Ba é a abhí i gceist leis na gníomhaíochtaí comhcheangal de rabhaidh ó bhéal agus de rabhaidh scríofa a eisiúint chomh maith le

himeachtaí cúirte. Iarradh ordú eisiata amháin agus deonaíodh é agus ghéill beirt tionóntaí seilbh ar a dtionóntachtaí ag leanúint as gearáin ina gcoinne maidir le hiompar frithshóisialta. Géilleadh seilbh ar 14 theach tréigthe nó cuireadh ar ais sa stoc iad tar éis imscrúdaithe.

### Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Sa ról atá aici mar Phríomhúdarás maidir le Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i réigiún an Oirdheiscirt a bhainistiú riar Comhairle Cathrach Phort Láirge leithdháileadh maoinithe réigiúnach de €1,787,496 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Leithdháil gach Údarás Áitiúil sa réigiún 10% sa bhreis ar sholáthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean laistigh dá gceantar Údaráis Áitiúil féin.

Ar an iomlán maoiníodh 17 seirbhís a chuireann seirbhís ar fáil do dhaoine atá i mbaol easpa dídine nó a bhfuil easpa dídine ag gabháil dóibh sna réimsí:

- Cosc ar Easpa Dídine, Buanú Tionóntachta agus Tacaíocht Athlonnaithe,
- Cóiríocht Éigeandála,
- Cóiríocht Fhadtéarmach Thacaithe,
- Teifigh ó Fhoréigean Baile

Cuireadh 659 nduine faoi bhráid na 17 seirbhís le go dtiocfadh siad ar chóiríocht éigeandála, chuaigh 616 dhuine go dtí cóiríocht éigeandála ar fud an réigiúin i rith na bliana 2013 agus d'fhág 508 nduine slán le cóiríocht éigeandála; tugadh cóiríocht do 183 dhuine i tionóntachtaí fadtéarmacha.

### Maoiniú CAS in 2013

Chuir Comhairle Cathrach Phort Láirge leis an stoc tithíochta sóisialta i gCathair Phort Láirge trí leithdháileadh de €285,163 a thabhairt do Chumann Tithíochta Pháirc Belmont chun tithíocht a chur ar fáil do cheithre dhuine i Scéim Tithíochta Grúpa.

## SEIRBHÍS DÓITEÁIN NA CATHRACH

Déanann Seirbhís Dóiteáin Chathair Phort Láirge freagairt ar raon leathan de chásanna éigeandála (Oibriúcháin) agus déanann monatóireacht agus tugann comhairle faoi shábháilteacht ó dhóiteán sa timpeallacht foirgníochta (Sábháilteacht ó Dhóiteán).

Tá 52 dhuine fostaithe sa tSeirbhís, idir Oifigigh agus fhir thine lánaimseartha agus pháirtaimseartha agus an lucht riaracháin a thugann tacaíocht dóibh. Feidhmíonn an tseirbhís faoi stiúir an Phríomhoifigigh Dhóiteáin agus is sa Stáisiún Dóiteáin i Sráid Catherine atá sí bunaithe.

### Oibriúcháin

In 2013 d'fhreastal an bhriogáid ar 650 teagmhas. Seo a leanas sceideal na dteagmhas.

| | |
|---|---|
| Glaonna ar Sheirbhís Dóiteáin | 366 |
| Seirbhísí Speisialta | 189 |
| Aláraim Bhréige | 68 |
| Glaonna Bréige | 27 |
| Iomlán | 650 |

Maidir le teagmhais seirbhíse speisialta bíonn réimse leathan i gceist agus orthu sin tá timpistí tráchta ar bhóithre, teagmhais cheimiceacha, tuilte, tarrtháil ar abhainn, aisghabháil chorpán ón abhainn agus soláthar cosanta ar dhóiteáin i gcás tuirlingt héileacaptar Garda Cósta sa Chathair.

Feidhmíonn an Bhriogáid bád tarrthála a chuir an Lucht Cosanta Sibhialta ar fáil ón Muiríne ag an Millennium Plaza; lainseáladh í 12 uaire in 2013 i gcásanna teagmhais.

In 2013 bhí crúnna réidh chun bogadh amach chuig dóiteán laistigh de 1 nóiméad 39 soicind ar an meán ón am a cuireadh ar an airdeall iad.

## Sábháilteacht Ó Dhóiteán

Rinneadh 263 imscrúdú in 2013 ar na foirgnimh atá ann faoi láthair. Tugadh Comhairle d'úinéirí foirgnimh sa chás gur ghá réamhbhearta cosanta ar dhóiteán a uasghrádú, agus seirbheáladh 5 fhógra um shábháilteacht ó dhóiteán trína dtoirmisctear úsáid fhoirgnimh faoi fhorálacha Acht na Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.
Fuarthas 40 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán in 2013. Is sa stáisiún dóiteáin a riartar an próiseas iarratais go huile anois agus is próiseas níos éifeachtaí é d'iarratasóirí agus dá ngníomhairí.

Tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 83 iarratas pleanála a chuireadh faoi bhráid an Údaráis Dóiteáin. Cuireadh 107 n-iarratas ar cheadúnas le haghaidh pubanna, hallaí damhsa/clubanna oíche, áitribh chearrbhachais agus chrannchuir, agus bialanna faoi bhráid an Údaráis Dóiteáin agus d'fhógair na Cúirteanna dá réir. Lena chois sin rinne an tÚdarás Dóiteáin imscrúdú ar áitribh a rabhthas chun ceadúnais a thabhairt dóibh mar stáisiúin pheitril, chuir comhairle ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le taispeántais tinte ealaíne agus chuidigh le hobair phleanála ar imeachtaí faoin spéir.

## Imeachtaí Faoin Spéir

Chuir Seirbhís Dóiteáin Chathair Phort Láirge cúnamh ar fáil do na coistí eagraíochta maidir leis na féilte a leanas Winterval, SPRAOI, Féile Naomh Pádraig, Féile an Fhómhair, Féile Ealaíon Imagine and Port Láirge 1100.

## Sábháilteacht Phobail ó Dhóiteán

Cinntíonn an Tionscadal Bunscoile Tríú Rang a tugadh isteach in 2008 go ndéantar caint faoi shábháilteacht ó dhóiteán os comhair gach dalta bunscoile sa Chathair le linn dóibh bheith sa tríú rang. Is iad na fir dhóiteáin a dhéanann an chaint agus leithdháileann siad lena linn 'paca foirne sábháilteachta' ("safety team pack"), a bhfuil an-éileamh air sa phobal, do gach dalta; is ann a fhaightear faisnéis faoi shábháilteacht sa bhaile agus faoi aslonnú.

Ghlac an tseirbhís dóiteáin páirt i gcainteanna, i seimineáir, i léirithe agus i dtionscnaimh eile chun aird a tharraingt ar an gcontúirt a bhaineann le tine, ar bhearta coiscthe dóiteáin agus ar nósanna imeachta i gcás dóiteáin. Orthu sin bhí cúrsaí réamhthionóntachta na Comhairle Cathrach, grúpchainteanna pobail, feachtais fógraíochta agus oiliúint i mbainistiú sábháilteacht ó dhóiteán d'eagraíochtaí deonacha.

## Institiúid na nInnealtóirí Dóiteáin (IFE)

Cuideoidh an Chomhairle ar bhonn leanúnach chun cúrsa céime lántiomnaithe d'innealltóireacht dóiteáin atáthar ag cur ar aghaidh in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a fhorbairt.

## Gníomhaíochtaí Eile

Cuireadh seisiún feasachta maidir le cúrsaí seirbhísí dóiteáin ag láithreáin teagmhais tráchta agus ar an mbaol do dhaoine a dhéanann freastal ar a leithéidí de theagmhais ar fáil do dhochtúirí a bhí rannpháirteach i gClár Oiliúna FSS.

## Ceanncheathrú Nua an Bhriogáid Dóiteáin

Cuireadh tús le hobair thógála ar Cheanncheathrú an Stáisiúin Dóiteáin ag Bóthar Chill Bharra i mí Mheán Fómhair agus tá súil leis go mbeidh sí críocnaithe faoi cheann na bliana 2014.

# Seirbhís Leabharlainne

## Áirítear ar bhuaicphointí na bliana 2013:

Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge 2013
Féile Ealaíon na Bealtaine do dhaoine os cionn 55
Taispeántas agus Salón an Lárionaid Chomhaimseartha Cheoil le haghaidh Sheachtain Cheoil Nua Phort Láirge
Taispeántas agus ceardlanna CRAFTED
Taispeántas Lárionad na mBan le linn Lá Idirnáisiúnta na mBan
Grúpa Scríbhnóireachta na bhFear agus lainseáladh leabhar dá gcuid
Taipéis i gcuimhne an Dúnta Amach in 1913
Bricfeásta Gnó Eorpach
Taispeántas EDIC Soapbox & Europe@40 i gcomhar le Scoil Chnoc Shióin
Ranganna Aoisghníomhaíocht Éireann "Computers for the Terrified"
Ceardlanna Amhráin agus Damhsa Mini Musos le haghaidh Grúpaí Tuismitheora agus Tachráin

### Forbairt Seirbhíse

### Foghlaim ar feadh Saoil

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Phort Láirge an t-iliomad seirbhísí ar fáil chun an litearthacht agus an fhoghlaim ar feadh saoil a chur chun cinn agus leanadh ar aghaidh i ndáiríre leis an obair sin in 2013 trí bhailiúcháin, trí fhéilte, trí imeachtaí agus trí thurais leabharlainne a chur chun cinn.

In 2013 bhí 2,117 leabhar rangaithe faoina dteidil sa mbailiúchán litearthachta agus bhí 852 leabhar rangaithe faoi theideal sa bhailiúchán maidir le foghlaim ar feadh saoil; eisíodh 1.060 leabhar litearthachta agus 1,958 leabhar maidir le foghlaim ar feadh saoil i rith na bliana. Bhain mic léinn litearthachta agus teagascóirí áis ar bhonn leanúnach as ballraíocht saor in aisce sa leabharlann agus bhí 94 mac léinn litearthachta ghníomhacha ag baint úsáid as seirbhísí na leabharlainne.

Ar dhreamanna eile a bhain áis as ballraíocht saor in aisce sa leabharlann, bhí Ionad Oideachais Daoine Fásta CGO Chathair Phort Láirge, an tAonad Litearthachta do Dhaoine Fásta, YTEC agus an Coláiste Breisoideachais maille le grúpaí ó Thionscadail Forbartha Pobail, ó na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh, ón Clár Connect agus ó na Grúpaí Scoir Gníomhacha.

Ceiliúradh go leor imeachtaí agus féilte a bhain leis an literthacht agus leis an léann in 2013 freisin, ar a n-áirítear AONTAS, Féile an bhFoghlaimeoirí Fásta, féile Chathair an Léinn, Féile na Bealtaine agus na Seisiúin Samhraidh ag Leabharlann Ard Caoin, Seachtain Feasachta ar an Litearthacht, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, agus Seachtain Leabharlann na hÉireann. Bhí acmhainní a bhain le Foghlaim ar feadh Saoil agus le hacmhainní litearthachta ar taispeáint i ngach brainse den Leabharlann le linn na n-imeachtaí.

Reáchtáladh réamhchúrsa maidir le ranganna i dteicnící ealaíne sna leabharlanna uile le haghaidh FHÉILE CHATHAIR AN LÉINN agus bhí cúrsaí grianghrafadóireachta ar siúl i Leabharlann Ard Chaoin agus sa Phríomhleabharlann, chomh maith le bunchúrsa i gcócaireacht, i mbeachaireacht, i ngarraíodóireacht, i gcothabhíil, i yoga agus i dteicnící ealaíne i rith FHÉILE NA BEALTAINE. Reáchtáladh na ranganna ealaíne sna brainsí leabharlainne uile agus sa teach altramais áitiúil i Maypark. Bhí ranganna sa scríbhnóireacht chruthaitheach ar siúl in Ard Caoin agus sna Phríomhleabharlanna agus i dteach altramais áitiúil eile, Cúram Sláinte Phort Láirge (Mólam).

Ag na SEISIÚIN SAMHRAIDH a REÁCHTÁLADH i LEABHARLANN ARD CAOIN tugadh blas dá mbaineann le hipniteiripe, le teiripe ealaíne, le airíonna Aloe Vera agus le Clárphleanáil Néara-Teangeolaíocht (NLP).

D'fhonn Seachtain Feasachta ar Litearthacht Daoine Fásta a cheiliúradh reáchtáladh cúrsa ceithre seachtaine sa scríbhneoireacht dar teideal 'Tá Scéal le hInsint ag Gach Éinne' i Leabharlann Ard Caoin agus sna Príomhleabharlanna.

Ar imeachtaí eile a hí ar siúl i rith na bliana bhí an chéad léamh poiblí de shaothair Ghrúpaí Scríbhneoirí chomhphobal Naomh Pól sa Leabharlann i mBóthar Brown, Tráthnóna Faisnéise na hOllscoile Oscailte sa Phríomhleabharlann, caint an Dr Mark Rowe faoi Litearthacht Sláinte, clinic na Ríomhléitheoirí sa Phríomhleabharlann agus caint leantach Carmel Harrington maidir le ríomhfhoilsiú, agus an Tertulia, malartán seachtainiúl teanga Spáinnis-Béarla i Leabharlann Ard Caoin.

Ar an ranganna a reáchtáladh i rith na bliana 2013 bhí ranganna ríomhaire Aoisghníomhaíocht Éireann do thosaitheoirí sa Phríomhleabharlann, cúrsa ríomhaire SOLAS "Equal Skills" i Leabharlann Ard Caoin agus sna Phríomhleabharlanna, ranganna Fraincise agus Gaeilge faoi Eoraip go Díreach sa Phríomhleabharlann agus Grúpa Scríbhnóireachta na bhFear sa Phríomhleabharlann. Bhí ranganna Béarla Ionad Oideachais na nDaoine Fásta do dhaoine gan Bhéarla mar theanga dúchais ar siúl ar

feadh 2013 sa Phríomhleabharlann.

## SCÉALTA FAOI DHEA-THORADH

- Ba é an toradh a bhí ar chomhpháirtíocht láidir le lucht eagraithe na himeachta agus le lucht eagraithe an chláir, leis na hionaid, le siopaí díola leabhar agus le bialanna gur ritheadh féile gan fhadhb.
- Fuarthas ardmholadh as clár an gceardlanna agus as iad a bheith gar do bheith líonta go doras.
- Chuir na húdair uile in iúl an ríméad a bhí orthu maidir leis an eagrúchán agus leis an bproifisiúntachas a bhain leis an bhFéile. Cuireann sin le próifíl na Féile agus beidh tarraingt ar Phort Láirge gach bliain dá réir ag daoine níos cáiliúla.
- An deireanach ab ea Mary Grehan (Iontaobhas Ealaíona Leighis Phort Láirge) ag léamh as an gcéad úrscéal dá cuid "Love is the Easy Bit" arna fhoilsiú ag Penguin Ireland i mí Aibreáin 2013.
- An Chéad Fhéile Liteartha in Éirinn inar taispeánadh an Clár Náisiúnta maidir le Scríbhneoir atá ag Teacht Chun Cinn.
- "Tweet-up" ar an 22 Márta - úsáid nuálaíoch agus rathúil d'fheachtas sna meáin shóisialta chun lucht freastail neamhthraidisiúnta a mhealladh go dtí an fhéile.
- Níos mó ná 1,500 leantóir ar facebook.
- Baineadh úsáid as Gailearaí Greyfriars mar ionad ticéadaithe den chéad uair – d'éirigh go maith leis agus is gaire fós atáthar d'ionad ticéadaithe amháin a sholáthar do gach féile sa chathair.
- Baineadh úsáid as bogearraí ar líne den chéad uair - Eventbrite.ie.
  D'éirigh go maith leis sin agus bhí stiúir againn ar dhíolacháin ticéad agus ar fhaisnéis de réir mar a gineadh iad.
- Clár píolótach meantóireachta do bhuaiteoirí Ghradaim Scríbhneoirí Óga Sean Dunne

**Suirbhéanna:** Fágadh foirmeacha meastóireachta ag ceardlanna don lucht freastail. Rinneadh suirbhéanna ar líne trí fhoirmeacha meastóireachta a sheoladh chuig an luchta fhreastail a bhain úsáid as bogearra áirithinte dár gcuid chun ticéid a cheannach. Mheas 75% de na freagróirí go raibh an Fhéile idir go maith agus ar fheabhas.
Cheannaigh 67% a gcuid ticéad ar líne agus dar le os cionn 80% acu bhí próiseas ceannaithe a dticéad idir go maith agus ar fheabhas.

**Suíomh Idirlín:** Bhaineamar úsáid as bogearra nua leabharlainne chun suíomh idirlín na Féile a chur i dtoll a chéile. Ba é sin an chéad uair a bhí smacht againn ar ábhar dár gcuid féin. Bhaineamar úsáid as na meáin shóisialta (Facebook & Twitter & You-Tube) & Eventbrite agus chuireamar ábhar a bhain leis an bhFéile leo sin chun suíomh idirlín an-phroifisiúnta agus áisiúil a dhéanamh de.

### Staidéir Áitiúla:

Ba bhliain thar bheith gnóthach arís í 2013 ag an Roinn Staidéir Áitiúil de Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge. Reáchtáladh an t-iliomad imeachtaí agus cainteanna ar feadh na bliana.

Fuair an Roinn Staidéar Áitiúil seilbh ar dhalladh acmhainní nua breise lena n-áirítear micreascannán den Munster Express agus de News and Star Phort Láirge don bhliain 2012 agus ar go leor leabhar nuafhoilsithe ar ábhar spéise iad ar bhonn áitiúil, a leithéidí:
"The Five Minute Bell; History of the Tramore Train" le Frank O'Donoghue
"On this Day" le Julian Walton
"Drop by Drop upon my Heart" le John Halligan TD
"The Backstrand" le Paddy Dwan & Mark Roper.

Reáchtáladh na taispeántais a leanas sa Phríomhleabharlann mar chuid de Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

**THE PAST FROM THE PRESS** taispeántas taistil na Leabharlainne Náisiúnta trína léirítear bailiúchán cuimsitheach nuachtán dá gcuid.

**A VIEW FROM THE OLD LADY LANE:** imeachtaí ó stair na leabharlainne atá fanta sa chuimhne

**TWENTY FIVE YEARS A CHANGING:**

**AMHARC AR GHRIANGHRAIF DE PHUBANNA PHORT LÁIRGE 1987-2012.**

Ar chainteanna a raibh an-tóir orthu áirítear "Fighting for the Pope and Abraham Lincoln" Ag Troid ar son an Phápa agus Abraham Lincoln le Pat McCarthy, "Using newspapers to trace your Family History" Úsáid a Bhaint as Nuachtáin chun Stair Theaghlaigh a Rianú le Jennifer Doyle.

Chuir an Phríomhleabharlann sraith de léachtaí mí ar fhaid a bhain le ginealas i láthair. Ar na cainteoirí bhí Ceannfort Padraic Kennedy ó Bhiúró na Staire Míleata, Fiona Fitzsimons, stiúrthóir Eneclann agus Gordon Power, Staraí Míleata Áitiúil.

Chláraigh an Roinn Staidéir Áitiúil leis na hacmhainní ar líne a leanas:
Cartlann an Irish News, Find My Past and Ancestry.com. Baineann na staitisticí úsáide a leanas leis na hacmhainní sin in 2013

| | |
|---|---|
| Cartlann an Irish News | 22,371 cuardach uathúil |
| | 799 seisiún faoi leith |
| Find My Past | 866 taifead breathnaithe<br>478 seisiún faoi leith |
| Ancestry.com | 23,287 gcuardach uathúil |
| Iomlán na gcuardach 2013 | 46,524 |

Dhéileáil an Roinn Staire Áitiúil sa Phríomhleabharlann le 2354 fhiosrú (ní áirítear grúpaí).
Ritheadh 90 Clinic Staire Áitiúla i rith na bliana. Maidir le Grúpaí, le Cainteanna, le Taispeántais, le Ceardlanna agus le Láinseálacha, d'fhreastail níos mó ná 300 duine orthu ina n-iomláine.
Ina n-iomláine d'fhreastail an Roinn Staidéir Áitiúil do 2706 duine; d'fhreastail freisin do 46,524 a rinne cuardach ar líne maidir le suíomh idirlín a bhfuil ranníocaíocht de dhíth i rith na bliana 2013.

## Scoileanna, Páistí Agus Déagóirí

## Múinteoirí agus Seirbhísí Scoile

Déanann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge a dícheall i gcónaí chun an luathléitheoireacht agus scileanna scríbhneoireachta a chur chun cinn agus ba chuid bunúsach riamh í de sheirbhís na leabharlainne ról a bheith aici i gcúrsaí litearthachta, cibé ar bith foirm a bhí acu.
Rinneadh breis forbartha ar an ról bunúsach sin in 2013 trí infeistíocht a dhéanamh i gclárphleanáil spriocdhírithe. Ar na buaicphointí bhí:

## Na 'Bright Starts – Níl i Leabhair ach Tús'

Ceapadh an tionscadal sin chun cuidiú le páistí agus le tuismitheoirí ceangal a chruthú leis an leabharlann agus taithí a fháil uirthi, agus chun scéalta agus leabhair a chur i láthair do pháistí go luath ina saol. Is trí "Bright Starts" a chuireann an leabharlann ballraíocht saor in aisce sa leabharlann ar fáil agus a thugtar leabhar saor in aisce do gach dalta naíonáin atá cláraithe i mBunscoileanna Chathair Phort Láirge. In 2013 bhain 869 bpáiste tairbhe as an tionscadal.

## Féile Leabhair na bPáiste (FLP)

Ghlac 24 Bhunscoil & Chreis páirt in FLP dár gcuid in 2013, agus bhíodar gafa le húdair / maisitheoirí éagsúla agus le gníomhaíochtaí leabharbhunaithe eile a bhí ar siúl sa Príomhleabharlann i Leabharlann Bhóthar Brown agus i Leabharlann Ard Caoin. D'fhreastail 2,035 pháiste ar 42 sheisiún eagraithe. Orthu sin bhí údar CBI Leabhar na Bliana 2013, Sheena Wilkinson, na húdair cháiliúla Juliette Saumande agus Michael Smith, an maisitheoir Korky Paul móide Sorcas Chorcaí a bhfuil cean ag daoine air le fada, gan ach líon beag a lua.

## Imeachtaí

D'fhreastail 6,454 idir pháistí agus dhaoine fásta óga ar ghníomhaíochtaí sna trí bhrainse i rith na bliana 2013. Orthu sin bhí FLP, Seachtain Leabharlainne na hÉireann, Seachtain na hEolaíochta, "My Europe in 2053", Lá Domhanda na Leabhar, Ceardlanna Musos Mini, Cainteanna faoi Thuismitheoirí & Thachráin, Ceardlanna Scríbhneoireachta, Scéalaíocht srl. Is ionann sin agus ardú de 39% ar an tinreamh ag na imeachtaí.

## Grúpaí Tuismitheoirí agus Tachrán

Casadh ar a chéile Grúpa Tuismitheoirí & Tachrán na Príomhleabharlainne ó lár na cathrach i gcomhpháirtíocht le Naomh Bríd gach Máirt i rith na bliana 2013. Bhí thart ar 40 tachrán agus a gcaomhnóirí rannpháirteach go seachtainiúil agus bhain siad taitneamh as réimse de chainteanna agus de ghníomhaíochtaí.

Casadh Grúpa Tuismitheoirí & Tachrán Leabharlann Ard Caoin le chéile gach Céadaoin & Aoine.Bhí thart ar 30 idir thachráin agus pgáistí réamhscoile rannpháirteach gach seachtain.

D'eascair réimse gníomhaíochtaí éagsúla a leithéidí cainteanna um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Ceardlanna Ceoil as clár an Fhómhair / an Gheimhridh.

## Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh 2013

Is trí pháistí idir 4 bliana d'aois agus 11 bhliain d'aois a spreagadh chun sé leabhar ar a laghad a léamh i rith laethanta saoire fada an tsamhraidh a chuidigh Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh le tarraingt a bheith ag leabharlanna ar pháistí agus dá réir a gcuid scileanna léitheoireachta agus muiníne a choinneáil slán. Bhí Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh 2013 oscailte do gach páiste agus ceaptha bheith oiriúnach do gach páiste ba chuma a chumas léitheoireachta. An téama don bhliain 2013 ab ea "Creepy House", a roghnaíodh toisc go raibh nasc aige leis na treochtaí atá ann i leabhair a bhaineann geit as páistí gan iad a scanradh an iomarca. Ba théama é a luigh le páistí i raon leathan aoise agus leis an dá inscne; bhí gar do 500 páiste rannpháirteach.

## Lárionad Eoraip go Díreach (LED)

An fheidhm is mó atá ag Lárionad Eoraip go Díreach, atá lonnaithe sa Phríomhleabharlann, is ea feasacht daoine ar obair an Aontais Eorpaigh a mhúscailt agus chuige sin eagraíonn an t-ionad roinnt imeachtaí éagsúla i rith na bliana. In 2013 d'eagraigh LED Phort Láirge ceithre imeacht is tríocha mar a leanas:

- Tagann Cór na Bealtaine le chéile sa Leabharlann ar bhun seachtainiúil
- Cuairt for-rochtana ar Choláiste Pobail Naomh Pól
- Ceiliúradh Bhliain na Saoránach 2013
- Caint ar "blaa" íocónach Phort Láirge
- Cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach d'fhir sa Leabharlann
- Caint faoi ghéarchéim fiachais na hEorpa leis an Eacnamaí Jim Power
- Lainseáil "Let's French...again", Féile Ealaíon Francach Phort Láirge
- Ceardlann spraoi Francach do pháistí sa Leabharlann
- Ceardlann spraoi Francach do pháistí i Lána Garter
- Bricfeasta Lae Eorpaigh (9 Bealtaine) do ghnólachtaí áitiúla sa leabharlann
- Ranganna ríomhaireachta "Getting Started" do dhaoine os cionn 55
- Léiriúcháin Chócaireachta Cruthaithí le haghaidh Fhéile na Bealtaine
- Chuir mic léinn ó Choláiste Naomh Pól "Clinic Teicneo" ar fáil do shaoránaigh shinsearacha
- Ceiliúradh Curfá Dusk le haghaidh dheireadh Fhéile na Bealtaine
- Léiriúchán "Smoothie Rothar" le haghaidh Sheachtain an Fhuinnimh Inbhuanaithe
- Oíche Réamh-Cultúir do pháistí ag an Leabharlann
- Cócaireacht do Pháistí: Tabhair tuismitheoir leat
- Reáchtáil buachaillí Chnoc Sióin taispeántas ealaíne le haghaidh FPE (Feisire de Pharlaimint na hEorpa) ar cuairt
- Ócáid bhronnta duaiseanna ar bhuaiteoirí Chomórtas Ealaíne Eoraip go Díreach
- Soapbox Réigiúnach (díospóireacht) craobh ceannais
- Óstáil taispeántas "AE: Éire @ 40" le 40 bliain de bhallraíocht san AE a cheiliúradh
- Scéalaíocht Eorpach in éindí le puipéid sa Phríomhleabharlann agus i Leabharlann Ard Caoin
- Óstáil Aonach Faisnéise ar éirigh go hiontach leis doibh siúd atá an dífhostaíocht imithe i bhfeidhm orthu
- Sraith thrí cheardlann ar leith chun cuidiú le daoine atá dífhostaithe

- Cuairt Chéad Rúnaí Ambasáid na Gearmáine
- "Nollag ar fud na hEorpa", ceiliúradh Nollag sa Leabharlann
- Ceardlanna Saoránachta do Bhunscoileanna
- Cuairt ar an Deutschmobil - bealach spraíúil chun Gearmáinis a fhoghlaim

Ar na himeachtaí for-rochtana in 2013 áirítear cuairt ar Sheó Iverk i gContae Chill Chainnigh, cuairt ar an Amharclann Ríoga san Oíche Chultúir agus cuairt ar Fhéile Winterval Phort Láirge. Ar gach ócáid a bhí foireann LED i mbun dualgais i seastán faisnéise ar mhaithe leis na páirtithe ar ábhar spéise dóibh sin.

Bíonn LED Phort Láirge an-ghnóthach freisin ar Twitter agus ar Facebook agus cuireann faisnéis chun dáta ar fáil don phobal ar shuíomh idirlín na Leabharlainne féin agus ar shuíomh idirlín Eoraip go Díreach.

www.europedirect.ie

www.waterfordcity.ie/library

www.facebook.com/eudirect

www.twitter.com/eudirect

### Féilte

Bhí an Leabharlann rannpháirteach in 2013 in go leor féilte logánta agus náisiúnta ar a n-áirítear: Aontas, Seachtain na Gaeilge, Seachtain Leabharlann na Éireann, Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge, Readiscover, Féile Bhealtaine na nEalaíon do dhaoine os cionn 55, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, Seachtain Feasachta ar an Litearthacht, Féile Leabhair do Pháistí, Seachtain an Dearaidh, Seachtain na hEolaíochta agus Lá Neamhspleáchais na Polainne.

### Teicneolaíocht

Sa bhliain 2013, ba í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge an chéad Leabharlann phoiblí in Éirinn a lainseáil suíomh idirlín móide chatalóg ar líne comhtháite lena chéile den chéad ghlúin eile ag baint úsáide as bogearra tríú páirtí. Lainseáladh Iguana, ó Infor Global Solutions an 9ú Lúnasa. Beidh an uirlis chuardaigh agus fionnachtana á húsáid mar shuíomh idirlín móide chatalóg ar líne na leabharlainne agus agus beidh sí ina deis don leabharlann chun an raon leathan de sheirbhísí agus d'acmhainní atá aici a mhargadh agus a chur chun cinn.

Lean an Leabharlann de bheith cláraithe le Overdrive in 2013 d'fhonn ríomheabhair agus closleabhair dhigiteacha a chur ar fáil do bhaill na Leabharlainne. Cuireadh líon mór leabhar rangaithe de réir teidil leis an gcatalóg agus bhí méadú i gcónaí ar an lucht a bhain úsáid astu de thoradh straitéis margaíochta spriocdhírithe. Mar chuid den straitéis margaíochta ceapadh "Seaimpíní r-leabhar" i ngach brainse agus cuireadh athoiliúint ar fhoireann na leabharlainne.

## Táscairí Seirbhíse 2013
## Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge

### L1: Uaireanta Oscailte na Leabharlainne don Phobal

Meánmhéid uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna lánaimseartha: 44.48 [1]

Meánmhéid uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna páirtaimseartha: 18.97[2]

Méid na leabharlanna lánaimseartha atá oscailte ag am lóin: 2 (100% de na Leabharlanna lánaimseartha)

Méid na leabharlanna lánaimseartha atá oscailte um thráthóna: 2 (100% de na Leabharlanna lánaimseartha)

Méid na leabharlanna lánaimseartha atá oscailte ar an Sathairn: 2 (100% de na Leabharlanna lánaimseartha)

### L2: Cuairteanna ar Leabharlann

Líon iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha: 303,700 [3]
Líon na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh 1000 den daonra = 6499 [4]

### L3 Stoc Leabharlainne

Caiteachas bliantúil ar Stoc in aghaidh duine den daonra: €3.26
Líon na n-ítimí eisithe in aghaidh duine den daonra maidir le leabhair: 4.82
Líon na n-ítimí eisithe in aghaidh duine den daonra maidir le hítimí eile: 2.60
Caiteachas ar stoc in aghaidh na bliana: €152,372
Líon iomlán na leabhar a eisíodh 225,201
Líon iomlán na n-ítimí eile a eisíodh 121,292

### L4: Teacht ar an Idirlín trí leabharlanna

Líon iomlán na seisiún idirlín a cuireadh ar fáil: 45,631 [5]



[1]**Ríomhadh Meánlíon na nUaireanta Oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna lánaimseartha mar a leanas:**
An Phríomhleabharlann 2317 n-uaire an chloig oscailte + Leabharlann Ard Caoin 2309 n-uaire an chloig oscailte arna roinnt ar 52 arna roinnt ar líon na mbrainsí = 4626/52 = 89.12 / 2 = 44.48
[2]**Ríomhadh Meánlíon na nUaireanta Oscailte in aghaidh na seachtaine i leabharlanna páirtaimseartha mar a leanas :** Leabharlann Bóthar Brown 986.5 uair an chloig oscailte, arna roinnt ar 52 = 986.5 / 52 = 19.13.
[3]**Líon iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lán-aimseartha** an comhaireamh a rinneadh ag an doras sa Phríomhleabharlann agus i leabharlann Ard Caoin ón Luan 7 Deireadh Fómhair, 2013 go dtí an Satharn 12 Deireadh Fómhair, 2013 = Príomhleabharlann 3798 gcuairt agus Ard Caoin 2276 chuairt, 6074 chuairt ina n-iomláine x 50 = 303,700 cuairt.
[4]**Líon na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh 1000 den daonra** arna ríomh trí líon na gcuairteanna a taifeadadh a roinnt ar an daonra de réir an taifeadta i nDaonáireamh na bliana 2011: 303700 / 46.732 = 6499.
[5]**Seisiúin iomlána na gcustaiméirí i ngach brainse** = Príomhleabharlann:, Ard Caoin:, Bóthar Brown: 42,648.

## Roinn Forbartha Eacnamúla

### Bainistiú Lár na Cathrach

I mí Dheireadh Fómhair 2013, d'eisigh an Méara, an Comhairleoir John Cummins, Plean Bainistíochta agus Réamheolaire Infheistíochta Miondíola nua maidir le Lár na Cathrach. An aidhm atá leis an bPlean, a chuir Grúpa Bainistíochta Lár na Cathrach i dtoll a chéile, is ea cinnte a dhéanamh de go gcoinneofar na jabanna atá anois ann agus breis fostaíochta a chruthú i lár na cathrach. Cuimsíodh sa Phlean cur chuigeanna nuálacha d'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhiondíoltóirí nua lena n-áirítear deontas feistithe asraon miondíola móide scéim do tháirgeoirí a bhí gafa leis na healaíona / le ceardaíocht / le bia ceardaí.

### Féile an Fhómhair 2013

Ritheadh Féile an Fhómhair 2013 idir 9 agus 15 Meán Fómhair. Ba é an limistéar Meal den Chathair an suíomh lárnach ar baineadh áis as le haghaidh fhéile na bliana; tiontíodh é ina ionad aonaigh féiltiúil ina raibh táirgí áitiúla le boladh, ceol breá le héisteacht agus neart craic. Bhí Cathair Phort Láirge ina óstach freisin don Chumann Eolaíocht Talmhaíochta agus do chomhdhálacha bliantúla GIY agus do thionóil eile a bhí ar súil go comhuaineach le Féile an Fhómhair.

### Winterval 2013

D'éirigh go maith leis an bhfhéile tionscnaimh in 2012 agus ag éirí as sin lainseáladh Winterval in athuair in 2013 tráth ar tháinig Santa go dtí an Plaza óna bhád Lochlannach agus ar bhuail na céadta páiste agus a dteaghlaigh leis sular bhuail sé bealach chuig a fhochla sa Mhúsaem Meánaoise.
In 2013 bhí an earnáil phoiblí rannpháirteach ar bhonn leanúnach ag tabhairt tacaíochta do na himeachtaí; áirítear orthu siúd Oifig na nOibreacha Poiblí, SOLAS, an Tionscadal GROW, U-Casadh agus Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge mar aon le 120 oibrí deonach a rinne obair shuntasach maidir le roinnt de na nithe ba dhíol spéise sna himeachtaí a chur i láthair.

Bhí Barry Monaghan ina Chathaoirleach ar bhonn deonach don dara bliain as a chéile; cuireadh síneadh leis an tairiscint chun rudaí tarraingteacha nua cosúil le carr sleamhnáin á tharraingt ag capall, crann Nollag ag amhránaíochta a bhí á bheochan ag cóir áitiúla agus gairdín béir bháin arna dhearadh ag an Tionscadal GROW a chuimsiú. Chuir Winterval go leor taitneamhachtaí ar fáil saor in aisce ar a n-áirítear an Sráidbhaile Lochlannach agus an scéalaíocht a rinne Fado i dTúr Reginald ar thug an chuid is mó de na 4,000 dalta scoile a d'fhreastail ar an fhéile cuairt uirthi.

### An Comhthionól 2013

Ainmníodh an bhliain 2013 ar bhonn náisiúnta mar bhliain an Chomhthionóil agus chuaigh Port Láirge i mbun gnímh ar bhonn áitiúil i gcomhar leis an Údarás Áitiúil ag tabhairt tacaíochta do 40 imeacht sa Chathair agus ag cothú idirchaidrimh leo; tugadh cúnamh deontais de €40,000 go sonrach do ghrúpaí pobail i gCathair Phort Láirge le haghaidh Tionól dá gcuid.

Chuir an Rannóg um Fhorbairt Eacnamúil cúnamh ar fáil freisin maidir le roinnt imeachtaí tábhachtacha a bhí ar siúl sa Chathair in 2013 lena n-áirítear an Maratón Lochlannach, Slógadh Raven Rock, Féile an Day Tripper, Hoopla ar an gCnoc agus Féile na Brataí Trí Dhath 1848.

### Straitéis Eacnamaíochta Chathair & Chontae Phort Láirge

Chuir an Roinn Forbartha Eacnamúla cúnamh ar fáil don Ghrúpa Forfheidhmithe chun Straitéis nua Eacnamaíochta a dhréachtú do Chathair agus do Chontae Phort Láirge. Is tríd an Straitéis Eacnamaíochta a shainítear bearta chun barréifeacht a thabhairt do chumas an údaráis áitiúil nua chun cur le forbairt eacnamúil Phort Láirge agus an cheantair máguaird a bhaineann léi agus bearta freisin chun cumas Chathair Phort Láirge gníomhú mar ghineadóir fáis don réigiún níos leithne a mhéadú.

AGUISÍNÍ

# AGUISÍN 1 - IONADAÍOCHT NA COMHAIRLE AR CHOMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

## REACHTÚIL

### Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
An Clr. T. Cunningham
An Clr. S. Ryan

### Bord Fiontair na Cathrach
An Clr. M. Roche
An Clr. J. Cummins
An Clr. T. Cunningham
An Clr. G. Wyse (Básaithe) An Clr. A. Wyse roghnaithe ina áit

### Comhairle Coiste Gairmoideachais Chathair Phort Láirge
An Clr. D. Walsh
An Clr. M. Roche
An Clr. J. Cummins
An Clr. L. O'Neill
An Clr. P. Hayes
An Clr. S. Ryan
An Clr. J. D'Arcy
An Clr. J. Walsh
An Clr. G. Wyse (Básaithe) An Clr. A. Wyse roghnaithe ina áit

### Cumann na gComhairlí Contae agus Cathrach
An Clr. H. Quinlan
An Clr. D. Daniels
An Clr. P. Hayes

### I.P.B.M.I. Teo,
An Clr.. D. Daniels

### Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCUA)
Folamh

### Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil Áitiúil
An Clr. D. Daniels
An Clr. S. Reinhardt
An Clr. D. Roche

### Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
An Clr. J. Cummins
An Clr. J. Walsh
An Clr. L. O'Neill
An Clr. D. Daniels
An Clr. J. D'Arcy

### Coiste Oibríochtúil Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt (Feidhmeanna Cúnamh AE)
An Clr. J. Cummins

### Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt
An Clr. J. Walsh

### Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge
An Clr. S. Reinhardt
An Clr. L. O'Neill
An Clr. M. Roche

### Fóram Sláinte Réigiúnach
An Clr. L. O'Neill
An Clr. H. Quinlan
An Clr. S. Ryan

### Coiste Iniúchta
An Clr. D. Daniels

## EILE

### Barker Art Centre Co. Ltd
An Clr. T. Cunningham
An Clr. D. Jacques

### Comhlacht Aerfoirt an Oirdheiscirt Teo.
An Clr. S. Reinhardt

### Aerfort Réigiúnach Phort Láirge CPT (Cuideachta Phoiblí Theoranta)
An Clr. T. Cunningham – J. Murphy to check

### Theatre Royal Friendly Society Ltd
An Clr. L. O'Neill
An Clr. J. Cummins
An Clr. D. Walsh

### Ionad Fiontraíochta Chathair Phort Láirge
An Clr. M. Roche

### Páirtíocht Spóirt Phort Láirge
An Clr. J. Cummins

### Coiste Cur chun Feidhme Tairsigh
An Clr. J. Walsh
An Clr. H. Quinlan

### Comhchoiste Póilíneachta
An Clr. H. Quinlan
An Clr. D. Roche
An Clr. D. Walsh
An Clr. J. Walsh
An Clr. J. D'Arcy
An Clr. M. Roche
An Clr. G. Wyse (Básaithe) An Clr. A. Wyse roghnaithe ina áit
An Clr. S. Ryan
An Clr. J. Cummins
An Clr. L. O'Neill
An Clr. D. Jacques
An Clr. S. Reinhardt

# AGUISÍN 2
# COISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH

| IOMPAR & BONNEAGAR | FORBAIRT EACNAMÚIL & PLEANÁIL | COMHSHAOL | TITHÍOCHT | FORBAIRT CHULTÚRTHA SHÓISIALTA & POBAIL |
|---|---|---|---|---|
| An Clr. Tom Cunningham – Chair | An Clr. Hilary Quinlan – Chair | An Clr. J Hearne – Chair | An Clr. J Walsh – Chair | An Clr. M Roche – Chair |
| An Clr. D. Walsh | An Clr. J. Hearne | | | An Clr. S. Ryan |
| | An Clr. D. Walsh | An Clr. G. Wyse (Básaithe) An Clr. A. Wyse roghnaithe ina áit | An Clr. L. O'Neill | An Clr. D. Jacques |
| An Clr. J. Cummins | An Clr. G. Wyse (Básaithe) An Clr. A. Wyse roghnaithe ina áit | An Clr. D Jacques | An Clr. S.Reinhardt | |
| An Clr. M. Roche | An Clr. M. Roche | An Clr. S. Reinhardt | An Clr. J. Cummins | An Clr. T. Cunningham |
| An Clr. H. Quinlan | | An Clr. D. Roche | An Clr. D. Roche | An Clr. J. D'Arcy |
| Cllr. D. Daniels | An Clr. J. Walsh | An Clr. J. D'Arcy | An Clr. S Ryan | An Clr.. L. O'Neill |
| Elaine Mullan, Fóram Pobail | Tom Phelan, Fóram Pobail | Mary Sinnott, Fóram Pobail | Joe Kelly, Fóram Pobail | Liam Rellis, Fóram Pobail |
| | George Power, Fóram Pobail | George Kavanagh, Fóram Pobail | Breda Halligan, Fóram Pobail | Jennifer Harris Waterford Ionad One World, Sráid Parnell, Phort Láirge<br><br>- Fóram Pobail |
| Tom O'Brien, Tom O'Brien Const. Ltd, Unit 5, Bilberry Business Pk, Bilberry, Waterford. | Stephanie Taheny, Noel Frisby Const. 1/2 Sráid Cheanada, Port Láirge. | Alan James, Ovation Business Solutions Teo Teach Seafield Coxtown East, Dún Mór, Co. Phort Láirge . | John McDonald, Bussin/Const. R. McDonald & Sons Ltd, An Cóbh, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge. | Ainmnitheach Ceardchumainn Post - Folamh |
| Jim McCleane | Ian Fewer, Fewer Harrington & Partners, Geata Maritana Sráid Canada, Port Láirge. | Ainmnitheach Ceardchumainn Post - Folamh | Ainmnitheach Ceardchumainn Post - Folamh | Ainmnitheach Páirtíocht Spóirt Jacinta Burke c/o Ionad Spóirt Phobail Chill Barra, Céide Bhaile Bhig |
| Kevin Whelan, CMILT An Seangharraí, , Ascail Collins, Bóthar an Dúin Mhóir, Port Láirge. | Ainmnitheach Cuaille Comhshaoil John Stewart, Sráidbhaile an Chuain, Dún Mór , Co. Phort Láirge. stewartarch@ eircom.net | Ainmnitheach Cuaille Comhshaoil Finola Cronin Dobbyn & McCoy Solicitors Sráid Colbeck, Cathar Phort Láirge fcronin@ dobbynmccoy.com | Ainmnitheach an Aosa Óig Post - Folamh | Ainmnitheach Fóram Ealaíon Christine Shanahan 55 Arda Grange |
| Ainmnitheach Cuaille Comhshaoil Stan Nangle, Cúirt Dún ar Aill, An Trá Mhór, Co. Phort Láirge stan@voyager.ie | | | | |

# AGUISÍN 3 - IONADAÍOCHT CHOMHALTAÍ AG COMHDHÁLACHA 2013

| Dáta | Comhlacht Eagraithe | Teideal Comhdhála | Freastalaithe |
|---|---|---|---|
| 11 – 13 Ean. 2013 | Esperanza Enterprises | Reachtaíocht um Dhliteanas Sibhialta & ar an gcaoi a dtéann sí i gcion ar Údaráis Áitiúla | An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. Pat Hayes |
| 18-20 Ean. 2013 | Turasóireacht an Chláir | | An Clr. D. Daniels |
| 11 – 13 Ean. | | Buiséad 2012 | An Clr. D. Roche |
| 11 – 13 Ean. | | Réitigh Ar Fhiachas | An Clr. D. Roche<br>An Clr. Sean Reinhardt |
| 8, 9 agus 10 Feabh. | | Seimineár Turasóireachta | An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. S. Reinhardt<br>An Clr. T. Cunningham<br>An Clr. D. Roche |
| 8, 9 Feabh. | Esperanza Enterprises | An Bille um Stádas Comhionann (Leasú) 2012 | An Clr. P. Hayes |
| 22, 23, 24 Feabh. | Comhdháil Cheilteach | Seimineár Sláinte Poiblí faoi Polasaí FSS um Rialú Tobac | An Clr. H. Quinlan<br>AnClr.Tom Cunningham |
| 15, 16 Feabh. 2013 | AMAI | Seimineár Earraigh | An Clr. S. Ryan<br>An Clr. J. Walsh |
| 7 & 8 Márta 2013 | ACCC | Comhdháil an Earraigh | An Clr. D. Daniels<br>An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. J. Cummins<br>An Clr. S. Ryan<br>An Clr. L O'Neill<br>An Clr. T. Cunningham |
| 22, 23, 24 Márta 2013 | Comhdháil Cheilteach | Seimineár faoi Mhí-úsáid Drugaí & Alcóil | An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. T. Cunningham |
| 5 & 6 Aibreán, 2013 | Co. Co. Loch Garman | Seimineár Earraigh CCUA | An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. D. Daniels<br>An Clr. S. Ryan |
| 18 & 19 Aibreán 2013 | Comhairle Cathrach Chorcaí | Doirse a Oscailt - mo Shaol mo Bhaile riachtanais tithíochta dhaoine faoi mhíchumas a riar | An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. S. Ryan |
| 26 - 28 Aibreán, 2013 | Comhdháil Cheilteach | Bainistiú Cruinnithe - Prionsbail agus dea-chleachtas | An Clr. S. Reinhardt<br>An Clr. D. Roche |
| 10 - 12 Bealtaine, 2013 | Ace Training | Comhdháil Sláinte Poiblí faoin FSS Polasaí um Rialú Tobac | An Clr. S. Reinhardt |
| 12 - 14 Aibreán, 2013 | Ace Training | Cumann Tráchtála a bhunú agus a fhás | An Clr. Dick Roche |
| 31 Beal. – 1 Meith. | Esperanza Enterprises | An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais | An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. H. Quinlan |
| 7, 8, 9 Meith. 2013 | Ace Training | Reachtaíocht Eorpach agus údaráis áitiúla | An Clr. S. Reinhardt |
| 26 & 27 Iúl, 2013 | Comhdháil Cheilteach | Seimineár Bia sa Todhchaí faoi Dheiseanna Fostaíochta | An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. J. D'Arcy |
| 2 & 3 Lúnasa, 2013 | Esperanza Enterprises | Cáin na hEarnála Gnó | An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. L. O'Neill |
| 11 – 16 Lúnasa, 2013 | Cumann Parnell | Scoil Samhraidh Parnell | An Clr. S. Ryan |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12, 13 & 14 Lúnasa, 2013 | Stiúrthóir | AMAI - Comhdháil Bhliantúil | An Clr. D. Daniels<br>An Clr. L. O'Neill<br>An Clr. S. Ryan |
| | Ace Training | Dínit san Ionad Oibre – treoir faoin mbulaíocht & faoi chiapadh san ionad oibre | An Clr. S. Reinhardt |
| 6, 7 & 8 Meán Fómhair, | Comhdháil Comhairlí | Conas éirí i nGnó Beag | An Clr. J. D'Arcy |
| 27 – 29 Meán Fómhair, | Comhdháil Cheilteach | Saol & Aimsir Michael Collins | An Clr.. H. Quinlan |
| 11 & 12 Deireadh Fómhair | LAMA | Comhdháil CCUA | An Clr. D. Daniels |
| 4 & 6 Deireadh Fómhair | Ace Training | Ceangail tairisceana nua le haghaidh údaráis áitiúla | An Clr. H. Quinlan<br>An Clr. Sean Reinhardt |
| 4 & 6 Deireadh Fómhair | Comhdháil Comhairlí | Toghcháin Idirlín | An Clr. J. D'Arcy |
| 22 – 23 Samhain, 2013 | Comhdháil Comhairlí | Buiséad 2014 | An Clr. S. Ryan |
| 12 – 13 Samhain 2013 | Esperanza Enterprises | Loiceadh Tubaisteach Foirgníochta a Chosc | An Clr. J. D'Arcy |
| 13, 14 & 15 Nollaig | Comhdháil Comhairlí | Teicneolaíocht Turasóireachta & straitéisí iomaíocha | An Clr. D. Roche<br>An Clr. S. Reinhardt |
| 20, 21 & 22 Nollaig | Comhdháil Comhairlí | Ceardlann oiliúna i Microsoft Excel | An Clr. S. Reinhardt |
| 20 - 21 Nollaig, 2013 | Esperanza Enterprises | Sábháilteacht ar Bhóithre a Fheabhsú - Bainistiú Tráchta | An Clr. J. D'Arcy |
| 13 - 14 Nollaig, 2013 | Esperanza Enterprises | Scéim Deontais Tithíochta | An Clr. J. D'Arcy |